Balance at 1 January 2012	400,534	313,710	3,941,086	4,655,330
Additions at cost	1,428	0	0	1,428
Reclassification of Assets	9,816	(204,581)	47,518	(147,247)
Balance at 31 December 2012	411,778	109,129	3,988,604	4,509,511
Accumulated Depreciation				
Balance at 1 January 2012	393,314	308,506	925,644	1,627,464
Charged in the year	3,725	570	75,386	79,681
Reclassification of Assets	11,845	(200,939)	47,518	(141,576)
Balance at 31 December 2012	408,884	108,137	1,048,548	1,565,569
Net Book Value - 31 December 2012	2,894	992	2,940,056	2,943,942
Net Book Value - 31 December 2011	7,220	5,204	3,015,442	3,027,866

During the year the Authority arranged work to be undertaken to ensure a comprehensive fixed asset register, which included an examination of historical differences between the fixed assets per the financial statements and the fixed asset register. The register has now been fully reconciled. The exercise resulted in a number of assets being re-classified and some obsolete equipment being written off. The overall effect was an additional charge of €5,671.

The Board operates its business from a premises at 25 Clyde Road, Ballsbridge, Dublin 4, which it owns. The board does not own or lease any other property.

8. Capital Account

	Notes	2012	2011
		€	€
Balance at 1 January		3,027,866	3,111,965
Transfer (to) / from the Income and Expenditure Account			
Income applied to purchase fixed assets	7	1,428	9,235
Amortised in the year in line with asset depreciation	7	(79,681)	(93,334)
Reclassification of Fixed Assets	7	(5,671)	0
		(83,924)	(84,099)
Balance at 31 December		2,943,942	3,027,866

9. Cash Flow Reconciliation

	2012	2011
	€	€
9 (a) Reconciliation Of Deficit For The Year To Cashflow From Operating Activities		
Surplus / (Deficit) for the period	144,235	(16,606)
Adjustment for non operating items		
Interest Receivable	0	0
Movement on Capital Account	(83,924)	(84,099)
Adjustment for non cash items		
Depreciation	79,681	93,334
Reclassification of Fixed Assets	5,671	0
Change in Debtors	(52,762)	(58,609)
Change in Creditors	(83,227)	75,028
Cashflow from Operating Activities	9,674	9,048
9(b) Reconciliation Of Cashflow To Movement In Net Funds		
Net Funds at 31 December 2011	114	301
Increase / (Decrease) in Cash	8,246	(187)
Net Funds at 31 December 2012	8,360	114

10. Superannuation

Under the National Disability Authority Act 1999, the Authority with the approval of the Minister for Justice and Equality and the consent of the Minister for Finance, shall make a scheme or schemes for the granting of superannuation benefits to or in respect of the members of staff, including the Director of the Authority.

A Model Scheme has been drafted and is awaiting approval from the Department of Justice and Equality and the Department of Public Expenditure and Reform.

The National Disability Authority (NDA) operates an unfunded defined benefit superannuation schemes for staff. Superannuation entitlements arising under the schemes are paid out of current income and are charged to the Income and Expenditure Account, net of employee superannuation contributions, in the year in which they become payable.

At present staff who were formerly staff of the National Rehabilitation Board who retire receive Superannuation benefits under the terms of the Local Government Superannuation Scheme. Staff who have been employed by National Disability Authority subsequent to its establishment and who retire receive benefits in line with the terms of the Nominated Health Agencies Superannuation Scheme.

(a) Pension Scheme

The results set out below are based on an actuarial valuation of the liabilities in respect of the serving, retired and deceased staff of the National Disability Authority as at 31 December 2012. This valuation was carried out by a qualified independent actuary for the purposes of the accounting standard, Financial Reporting Standard No. 17 – Retirement Benefits (FRS 17).

This valuation was carried out using the projected unit method. The financial assumptions used to calculate scheme liabilities were as follows:

	2012	2011
Discount Rate	5.5%	5.5%
Salary increase assumption	4%	4%
Pension increase assumption	4%	4%
Price inflation	2%	2%

As the National Disability Authority schemes are unfunded, there are no assets held in respect of accrued pension liabilities of the National Disability Authority staff.

(b) Net Deferred Funding For Pensions In Year

	2012	2011
	€	€
Funding recoverable in respect of current year pension costs	1,370,000	1,440,000

	2012	2011
State Grant applied to pay pensioners	(540,000)	(580,000)
	830,000	860,000

(c) Analysis of the amount charged to operating profit under FRS 17

	2012	2011
	€	€
Current service cost	450,000	500,000
Interest on pension scheme liabilities	920,000	940,000
Employee contribution	(114,123)	(127,998)
Past service cost	-	-
Total operating charge	1,255,877	1,312,002

(d) Deferred Funding Asset for Pensions

The National Disability Authority recognises these amounts as an asset corresponding to the unfunded deferred liability for pensions on the basis of the set of assumptions described above and a number of past events. These events include the statutory basis for the establishment of the superannuation scheme, and the policy and practice currently in place in relation to funding public service pensions including contributions by employees and the annual estimates process. While there is no formal agreement regarding these specific amounts with the Department of Justice, Equality & Law Reform, the National Disability Authority has no evidence that this funding policy will not continue to meet such sums in accordance with current practice. The deferred funding asset for pensions as at 31 December 2012 amounted to €16.5 million (2011: €16.7 million).

(e) Movement in deficit during the year

	2012	2011
	€	€
Scheme Liability at 1 January	16,700,000	17,100,000
Current service cost	450,000	500,000
Interest on scheme liabilities	920,000	940,000
Benefits payable	(540,000)	(580,000)
Actuarial loss recognised in STRGL	(1,030,000)	(1,260,000)
Pension Liability	16,500,000	16,700,000

History of experience gains and losses

Experience (gains) / losses on scheme liabilities				
	2012	2011	2010	2009
amount	(€1,030,000)	(€1,260,000)	(€2,419,000)	(€300,000)
percentage of the present value of the scheme liabilities	(6%)	(8%)	(14%)	(2%)

Pension Levy Contributions

€122,272 was deducted from staff by way of pension levy and retained by the Department of Justice and Equality.

11. Creditors and Accruals

	2012	2011
	€	€
Accruals	39,082	122,309
Total Creditors	39,082	122,309

12. Debtors and Prepayments

	2012	2011
	€	€
Sundry Debtors National Disability Authority	173,806	100,128
Prepayments	30,564	51,480
Total Debtors	204,370	151,608

13. Contingent Liabilities

There are no contingent liabilities at 31 December 2012.

14. Capital Commitments

The Authority had no outstanding capital commitments as at 31 December 2012.

15. Approval of Financial Statements

The Financial Statements were approved by the Authority on 14 August 2013.

Appendix 1: Authority and other committees in 2012

National Disability Authority members in 2012	
Member	Number of meetings attended (10 meetings held)
Peter Mc Kevitt (Chair)	10
Tony Bates (resigned from September 2012)	4
Caroline Burrell	9
Frank Cunneen	9
Tara Cunningham	8
James O'Grady	8
Fiona Duignan	7
Linda Greal	6
Shane Hogan	10
David Joyce	7
Des Kenny	8
Mary Lavelle	8
Joanne Mc Carthy	9

Audit Committee

- Donal Lawlor (Chair)
- Robert Cashell

- Frank Cunneen
- Des Kenny

Finance Committee

- Frank Cunneen (Chair)
- Caroline Burrell
- David Joyce
- Des Kenny
- David Scott
- Pat Fitzsimons (appointed March 2012)

National Disability Strategy Sub-committee

- Shane Hogan (Chair)
- Tara Cunningham
- James O'Grady
- David Joyce
- Mary Lavelle
- Joanne McCarthy

Appendix 2: Representation on external bodies in 2012

Public sector:

Department of Children and Youth Affairs

- National Children's Advisory Committee

Department of Communications, Energy and Natural Resources

- Sectoral Plan and Part 5 Monitoring Committee

Commission for Communications Regulation

- Consumer Advisory Panel
- Industry Forum on Services for People with Disabilities

Department of Education and Skills

National Council for Special Education

- The National Disability Authority Director was a member of the Council and of its Audit Committee
- Research Report Advisory Group — Continuum of Education Provision for Children with Special Educational Needs: Review of International Policies and Practices
- Consultative Forum
- Advisory committees on specific pieces of research

Department of the Environment, Community and Local Government

- National Housing Strategy for People with a Disability — Implementation Monitoring Group and Housing Sub-Group
- Disability Act Sectoral Plan Advisory Committee

Local Government Management Agency

- Disability Act Steering Group
- Disability Access Certificate Sub Committee

Department of Health

- National Physical and Sensory Disability Database advisory group
- Independent Monitoring Group — Vision for Change

Health Service Executive

- National Implementation Group for Time to Move on from Congregated Settings
- National Implementation Group for New Directions, and its Standards Sub-group
- National Consultative Forum
- Universal Access Steering Committee

Health Information and Quality Authority

- Standards Advisory Group for National Standards for Residential Services for Children and Adults with Disabilities

Department of Justice and Equality

- National Disability Strategy Implementation Group
- Part 5 Monitoring Committee
- The National Steering Committee on Violence against Women

Equality Authority

- Public Sector Equality Learning Network

Department of Social Protection

- Domiciliary Care Allowance Review Group
- Disability Consultative Forum

Citizens Information Board

- National Advocacy Service — National Advisory Group

Department of Transport, Tourism and Sport

- Public Transport Accessibility Committee

National Transport Authority

- Taxi Advisory Committee

Other

- Advisory Committee to Intellectual Disability Supplement to the Irish Longitudinal Study on Ageing
- National Advisory committee on Age Well network
- European Committee for Standardisation (CEN) — Project Team for Mandate 376

Appendix 3: Publications in 2012

- Building for Everyone: A Universal Design Approach
- Accessibility Toolkit for public sector staff
- Shared Space, Shared Surfaces and Home Zones from a Universal Design Approach for the Urban Environment in Ireland
- Access to Justice for People with Disabilities as Victims of Crime in Ireland
- Research on the provision of Assistive Technology in Ireland
- Universal Health Insurance systems and the provision of health services for people with disabilities
- Living in your own home with a disability
- Procurement and Accessibility
- Your Voice Your Choice 2012 report
- 2011 Report on Compliance with Part 5 of the Disability Act on the Employment of People with Disabilities in the Public Sector
- National Disability Authority Newsletters
- Annual Report 2011
- Universal Design guidelines for digital television
- Sexual violence against people with disabilities
- Preventing bullying of people with intellectual disabilities (Anti-Bullying Research Project)
- Bullying Information Guide aimed at People with an Intellectual Disability (Anti-Bullying Research Project)
- Resource Allocation Feasibility Study Phase 1 report

Appendix 4: Policy advice papers in 2012

Policy advice papers submitted:

- National Strategy on Dementia
- Universal Health Insurance
- Annual review of implementation of Vision for Change mental health strategy
- Criminal Justice and Mental Health
- Domiciliary Care Allowance
- Mobility Allowance
- Broadcasting Authority of Ireland Access Rules
- Draft National Standards for Residential Services for People with Disabilities
- Draft National Standards for the Protection and Welfare of Children



National Disability Authority

25 Clyde Road, Dublin 4

Telephone (01) 608 0400

Fax (01) 660 9935

www.nda.ie

National Disability Authority is the independent state body providing expert advice on disability policy and practice to the Minister, and promoting Universal Design in Ireland.

Tuarascáil Bhliantúil 2012



Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Ráiteas an Chathaoirligh	73
Ráiteas an Stiúrthóra.....	75
Forbhreathnú agus comhthéacs beartais.....	77
Tosaíocht Straitéiseach 1	81
Tosaíocht Straitéiseach 2.....	90
Tosaíocht Straitéiseach 3	95
Tosaíocht straitéiseach 4.....	106
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais	112
Ráiteas faoi fhreagrachtaí chomhaltaí an Údaráis	115
Ráitis Airgeadais 2012.....	117
Aguisín 1: Coistí an Údaráis agus coistí eile i 2012	148
Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha i 2012.....	150
Aguisín 3: Foilseacháin i 2012	153
Aguisín 4: Páipéir comhairle beartais i 2012.....	154

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Údarás Náisiúnta Míchumais le haghaidh 2012 a chur bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Sa tuarascáil seo tugtar cuntas ar ghníomhaíochtaí agus aschuir an Údarás Náisiúnta Míchumais, an comhlacht stáit neamhspleách a thugann sainchomhairle faoin mbeartas agus faoin gcleachtas i leith míchumais don Aire, agus dhéanann Dearadh Uilíoch a chur chun cinn in Éirinn.

Thug an NDA faoi chuid mhór oibre i 2012 ó thaobh taighde, sainchomhairle, forbairt caighdeán, agus tacaíochta. Baineadh amach leibhéal ard d'aschur a chuimsigh na nithe seo a leanas:

- Tógáil do chách: Cur chuige dearaidh uilíoch a thugann treoir shonrach do ghairmithe tógála
- Foilsíodh taighde ar dhearcadh an phobail i dtreo daoine faoi mhíchumas
- Taighde ar an Measúnú reachtúil Riachtanas le haghaidh seirbhísí míchumais
- Taighde, comhairliúchán agus comhairle beartais chun an t-athbhreithniú ar an Liúntas Cúram Baile a threorú
- Taighde ar bhuiséid phearsanta agus ar shamhlacha um leithdháileadh acmhainní chun tacú lena dtabhairt isteach, atá beartaithe
- Treoir ar sheirbhísí sláinte príomhshrutha inrochtana
- An chéad chaighdeán náisiúnta ar Dhearadh Uilíoch
- Foireann Uirlisí Inrochtaineachta do bhaill foirne san earnáil phoiblí, agus doiciméad treorach ar earraí agus seirbhísí inrochtana a sholáthar go poiblí
- Taighde ar chórais um sholáthar Teicneolaíocht Chúnta in Éirinn agus i dtíortha eile

Bhíothas fós ag tabhairt aghaidhe ar dhúshlán mar a bhí laghdaithe ar líon na mball foirne i 2012; mar sin féin, bhíothas in ann an méid thuas a bhaint amach trí hiarrachtaí ball foirne solúbtha agus tiomanta a rinne iarracht luach ar airgead a bhaint amach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill foirne na rannóige ar Bheartas Míchumas sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, chomh maith le baill foirne aonad na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais agus na seirbhísí

comhroinnte TF, as a dtacaíocht leanúnach don Údarás Náisiúnta Míchumais.

Gabhaim buíochas le baill foirne an Údaráis as a gcuid oibre le linn 2012, agus le comhaltaí na gcoistí Airgeadais agus Iniúchóireachta chomh maith. Leis an leibhéal comhsheasmhach freastail agus an caighdeán ard oibre tríd an eagraíocht go léir cruthaíodh go bhfuiltear tiomanta chun fíordhifear a dhéanamh.

Sa deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas, dhíograis agus shaineolas bhaill foirne an Údarás Náisiúnta Comhionannais agus do stiúrthóireacht den scoth an Stiúrthóra agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin. Is eol dom go gcuirfear an-fheabhas ar shaol daoine faoi mhíchumas in Éirinn mar gheall ar a ndíograis agus a dtiomantas.

Peter McKevitt
Cathaoirleach

Ráiteas an Stiúrthóra

Tá dualgas reachtúil ar an Údarás Náisiúnta Míchumais chun eolas agus comhairle atá treoraithe ag faisnéis a chur ar fáil don Aire faoi bheartas agus chleachtas atá ábhartha do dhaoine faoi mhíchumas agus chun cabhrú le beartais den sórt sin a chomhordú. Tá feidhm reachtúil aige chun an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch a oibriú, ionad a dhéanann cur chun cinn ar dhearadh uilíoch na timpeallachta tógtha, earraí, seirbhísí, teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide, ionas go mbeidh siad inrochtana, éasca le húsáid agus le tuiscint do gach duine is cuma faoi aois, méid, cumas ná míchumas.

Mar sin clúdaíonn ról an NDA go leor réimsí beartais lena n-áirítear taighde agus comhairle ar leasú seirbhísí míchumais, ar thithíocht, iompar, fostaíocht, leas sóisialach, agus craoltóireacht, i measc réimsí eile. Déanann ár Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch, atá mar chuid lárnach den Údarás Náisiúnta Míchumais, Dearadh Uilíoch a chur chun cinn trí mheán caighdeán agus treoirlinnte, trí churaclaim a fhorbairt um oideachas agus oiliúint gairmithe ábhartha, agus trí feasacht a mhúscailt.

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais clár oibre iomlán a sheachadadh i 2012 le linn na bliana deireanaí dár bPlean Straitéiseach 2010–2012. Díríodh ár gcuid oibre ar tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an Straitéis Náisiúnta Míchumais; beartas a threorú chun cinntiú go mbeidh dóthain tacaí éifeachtacha ann um maireachtáil neamhspleách sa phobal; agus ar dhearadh uilíoch agus inrochtaineacht earraí, seirbhísí, agus áiteanna a chur chun cinn.

Tar éis imeacht an Cheann Taighde agus Forbairt Caighdeán ar iasacht, atheagraíodh ár gcuid ranna mar seo a leanas:

- Taighde, Beartas agus Gnóthaí Poiblí
- An Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus an tAonad Caighdeán agus Monatóireachta
- An Roinn Seirbhísí Corparáideacha

Ina theannta sin chuamar i gcomhairle le páirtithe leasmhara faoi fhorbairt ár bplean straitéiseach le haghaidh na 3 bliana romhainn. D'fhaomh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Plean Straitéiseach an Údarás Náisiúnta Míchumais le haghaidh 2013–2015, ina leagtar amach ár gcuid tosaíochtaí mar seo a leanas:

- tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an Straitéis Náisiúnta Míchumais agus monatóireacht a dhéanamh uirthi
- taighde, comhairle agus treoir i dtreo cur ar chumas daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách sa phobal
- sármhaitheas i nDearadh Uilíoch a chur chun cinn
- bheith níos éifeachtaí agus éifeachtúla mar eagraíocht

I gcaitheamh na bliana, leanamar ar aghaidh ag baint amach éifeachtúlachtaí níos mó chomh maith le hobair éifeachtach, de réir mar a éilítear ag an gComhaontú Seirbhíse Poiblí 2010-2014. D'oibrigh baill foirne chun feabhas a chur ar nósanna imeachta inmheánacha i réimsí mar bhainistíocht tionscadal agus foilsiú. Tugadh isteach beartas um Thuairisciú de Mheon Macánta agus Scéim Moltaí Foirne chomh maith.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus le comhaltaí an Údaráis as a dtreoir straitéiseach, a bhfís agus tacaíocht don fheidhmeannacht maidir leis an gclár seo a chomhlíonadh de réir chuspóirí straitéiseacha an Údarás Náisiúnta Míchumais.

Siobhan Barron
Stiúrthóir

Forbhreathnú agus comhthéacs beartais

Treoraítear clár oibre an NDA gach bliain ag na tosaíochtaí straitéiseacha agus na príomhtháscairí feidhmíochta ina bPlean Straitéiseach chomh maith le deiseanna chun dul i bhfeidhm ar fhorbairtí beartais. I 2012, mar gheall ar an ngá le cinntiú go bhfuil an luach is fearr á bhaint amach le haghaidh acmhainní teoranta, leanadh ar aghaidh ag díriú airde ar an gcaoi ar féidir torthaí níos éifeachtaí a bhaint amach leis na hacmhainní reatha a dhéantar a infheistiú i dtacaí míchumais.

An tseirbhís mhíchumais a bhunathrú chun feabhais

Ar cheann de na forbairtí lárnacha a threoraigh obair an NDA i 2012 bhí foilsiú na Tuarascála ar Luach ar Airgead agus an t-Athbhreithniú ar Bheartas Míchumais ag an Aire Sláinte. Sa doiciméad sin leagadh amach clár oibre um bunathrú chun feabhais na seirbhísí míchumais chun ról lárnach a thabhairt don duine faoi mhíchumas, le níos mó roghanna agus smachta, agus bearta chun cinntiú go mbainfear leas níos éifeachtaí as acmhainní. Ag croílár an méid sin tá an fhís go dtabharfaí tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas go mbeidís cuimsithe go hiomlán sa phobal. I measc na moltaí tá samhail nua de leithdháileadh acmhainní chun nasc níos fearr a chruthú idir acmhainní agus riachtanais mheasúnaithe, institiúidí cónaitheacha a dhúnadh diaidh ar ndiaidh, modh measúnaithe coitianta, meascán scileanna athraithe, creat cáilíochta, athchumrú ar rialachas agus chuntasacht, córais sonraí níos fearr agus tomhais ar thorthaí. Beidh ról lárnach ag cur i bhfeidhm mholtaí an Athbhreithnithe sin maidir le samhlacha tacaíochta a sheachadadh a chuireann ar chumas daoine faoi mhíchumas gnáthshaol a chaitheamh sa phobal. Leis na hathruithe sin bogfar ar aghaidh ó chónaí i dtithe cónaitheacha móra go maireachtáil neamhspleách sa phobal, agus ó shamhlacha traidisiúnta seirbhísí lae do dhaoine fásta go deiseanna chun páirt a ghlacadh i saol príomhshrutha an phobail, fostaíocht san áireamh.

Tá obair an NDA ceaptha chun tacú leis an gclár mór athraithe sin, ag tabhairt taighde agus teorach faoi na beartais agus na córais a theastaíonn chun seirbhísí míchumais a bhunathrú chun feabhais. Admhaíodh go bhfuil taighde an Údarás Náisiúnta Míchumais ar mhodheolaíochtaí um leithdháileadh acmhainní do sheirbhísí míchumais tábhachtach chun an clár mór athraithe a eascraíonn ón Athbhreithniú seo a chomhlíonadh. Réimsí eile ina bhfuil tacaíocht á tabhairt againn don chlár oibre athraithe sin iad ár

dtaighde ar mheasúnú riachtanas, agus comhairle agus treoir ar chaighdeán cháilíochta do sheirbhísí míchumais.

Ghlac an NDA páirt i bhFóram Comhairliúcháin Náisiúnta an FSS ar mhíchumas agus i ngrúpaí feidhmithe ar roghanna um maireachtáil sa phobal a chur in ionad institiúidí agus suíomhanna cruinnithe eile agus ar shamhlacha nua seirbhísí lae agus tacaí.

Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Foilsíodh an plean feidhmithe don Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas i 2012. Leagann an straitéis seo freagracht as tithíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas ar údaráis tithíochta seachas an FSS, agus déantar foráil ann do sheachadadh comhordaithe tacaí sláinte agus tacaíochta do dhaoine faoi mhíchumas. Déantar foráil ann freisin do thithe a sholáthar sa phobal dóibh siúd atá ag bogadh ó institiúidí cónaitheacha, a bhfuil deireadh á chur leo, diaidh ar ndiaidh. Ceapadh an NDA chun an ghrúpa chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise. I measc obair an NDA i 2012 chun tacú leis an straitéis tithíochta sin bhí forbairt treoirlínte do bhaill foirne tithíochta maidir le tithíocht a thabhairt do dhaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, obair ar thithíocht arna dearadh go huilíoch a d'fhéadfaí a athrú go héasca de réir mar a thiocfadh athrú ar chúinsí daoine, agus taighde ar chaighdeán tithíochta do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu, chun cur ar a gcumas maireachtáil sa bhaile chomh fada is féidir.

Athbhreithniú ar an Liúntas Cúram Baile

Thug coiste arna cheapadh ag an Aire Coimirce Sóisialaí faoi Athbhreithniú ar an Liúntas Cúram Baile, agus scrúdaigh an grúpa sin na cuspóirí beartais agus roghanna don todhchaí chun an tacaíocht thábhachtach sin do theaghlaigh a riar agus a spriocdhíriú go héifeachtach. Bhí an NDA ina bhall den Ghrúpa Athbhreithnithe sin. Ina theannta sin thug an NDA faoi roinnt taighde chun plé an Ghrúpa a threorú. Freisin d'éascaigh an NDA comhairliúchán le tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile.

Plean Feidhmithe an Straitéis Náisiúnta Míchumais

Cheap an tAire Stáit um Míchumas, Comhionannas, Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta grúpa ag deireadh 2011 chun Plean Feidhmithe a ullmhú don Straitéis Náisiúnta Míchumais, ar ceapadh an NDA chuige.

Chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhairle ar na tosaíochtaí straitéiseacha do Phlean Feidhmithe an Straitéis Náisiúnta Míchumais, agus ar ghníomhaíochtaí aonair a d'fhéadfaí a sheachadadh. Tar éis cuireadh a fháil ón Aire, d'óstáil an NDA “Your Voice Your Choice”, imeacht chomhairliúcháin chun fóram náisiúnta a éascú do dhaoine faoi mhíchumas agus dá dteaghlaigh chun a gcuid tuairimí agus taithí a chur in iúl chun Plean Feidhmithe an Straitéis Náisiúnta Míchumais a threorú. Ina theannta sin sholáthair an NDA an Cathaoirleach neamhspleách agus an rúnaíocht do Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais.

Leanann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais air ag tabhairt comhairle do Ranna ar a gcuid clár aonair a bhfuil an Straitéis Náisiúnta Míchumais déanta suas díobh.

Dearcaí

I 2012, faraor géar, nochtadh inár dtaighde nach bhfuil dearcaí i dtreo daoine faoi mhíchumas chomh bách agus a bhí an uair dheireanach a rinneamar suirbhé roimhe. Leanaimid orainn ag obair chun feabhas a chur ar dhearcaí trí thionscnaimh mar ríomhfhoghlaim saor in aisce ar chomhionannas míchumais do bhaill foirne san earnáil phoiblí D'oibríomar le hÚdarás Craolacháin na hÉireann chun obair a thionscain ar ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas sna meáin chraolta. Leanamar orainn ag obair le comhlachtaí fostóra agus le ceardchumannn maidir le saincheisteanna do dhaoine faoi mhíchumas san ionad oibre.

Daoine faoi mhíchumas a fhostú san earnáil phoiblí

Is é an dea-scéal ná gur baineadh amach an sprioc de 3% d'fhostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí den chéad uair, agus cabhróidh treoir an Údarás Náisiúnta Míchumais ar daoine faoi mhíchumas a choimeád leis an bhfuinneamh sin a chothabháil.

Inrochtaineacht

Foireann Uirlisí

Forbraíodh sraith straitéisí ar líne a thógann le chéile in aon ionad amháin treoir ar ghnéithe éagsúla d'inrochtaineacht, lena n-áirítear foirgnimh, seirbhísí, eolas agus láithreáin ghréasáin. Beidh an acmhainn sin luachmhar ach go háirithe d'Oifigigh Rochtana chun cinntiú go bhfuil seirbhísí poiblí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. Tugadh treoir freisin faoi mbealach is fearr le hearraí agus seirbhísí inrochtana a sholáthar, ag teacht leis na hoibleagáidí in alt 27 den Acht Míchumais 2005.

Dearadh Uilíoch

Thug an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch faoi chlár iomlán chun caighdeán agus treoirlínte a chur chun cinn, agus forbraíodh curaclaim sa dearadh uilíoch ag dara agus tríú leibhéal, agus an obair sin go léir tacaíthe ag an taighde oiriúnach.

Tógáil do Chách

Sheol an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan TD

Tógáil do Chách – cur chuige Dearaidh Uilíoch. Beidh treoir sin, atá tugtha suas le dáta agus atá leathnaithe go mór, luachmhar dóibh siúd go léir atá freagrach as foirgnimh a dhearadh, a thógáil agus a bhainistiú, maidir leis an eolas praiticiúil a thabhairt chun cinntiú go mbeidh foirgnimh inrochtana do chách, is cuma faoi aois, méid, cumas ná míchumas.

Caighdeán ar sheirbhís chustaiméara do sholáthraithe fuinnimh

I gcomhpháirt leis an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann sheol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais caighdeán nua ar Dhearadh Uilíoch i Seirbhísí Custaiméara Fuinnimh, arb é an chéad chaighdeán den sórt sin um Dhearadh Uilíoch, ní hamháin in Éirinn, ach ar an domhan.

Tosaíocht Straitéiseach 1

Tacaíocht agus comhairle fhianaise-bhunaithe a thabhairt do Ranna Rialtais agus chomhlachtaí poiblí trí

- **tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm éifeachtach an Straitéis Náisiúnta Míchumais**
- **monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an Straitéis Náisiúnta Míchumais**

Plean Forfheidhmithe an Straitéis Náisiúnta Míchumais

Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais treoir shonrach don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun an struchtúr, na gníomhartha, na socruithe monatóireachta agus na táscairí toraidh a threorú le haghaidh dréacht de Phlean Forfheidhmithe an Straitéis Náisiúnta Míchumais atá i mbun forbartha.

Ina theannta sin reáchtáil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais cruinnithe déthaobhacha le gach Roinn Rialtais, chun treoir a thabhairt faoi ghníomhartha ina gcuid réimsí freagrachta. Chomh maith leis sin tá an NDA ina bhall de Ghrúpa Feidhmithe an Straitéis Náisiúnta Míchumais, a bhfuil an tAire Stáit um Míchumas, Chomhionannas, Meabhairshláinte agus Dhaoine Scothaosta ina chathaoirleach air. I rith 2012, chuir an NDA roinnt páipéar comhairle faoi bhráid an Ghrúpa, lena áiríodh sraith táscairí beartaithe chun tomhas a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis an bPlean a chur i bhfeidhm.

An Grúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais

Déanann Stiúrthóir an Údarás Náisiúnta Míchumais cathaoirleacht neamhspleách ar an nGrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais, atá déanta suas de bhratchomhlachtaí míchumais lárnacha agus de dhaoine aonair a bhfuil taithí saoil acu ar mhíchumas, agus a cheap an tAire Stáit chun ionchur comhordaithe a chur ar fáil don obair ar Phlean Feidhmithe an Straitéis Náisiúnta Míchumais. Freisin cuireann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais rúnaíocht ar fáil don ghrúpa. I 2012 reáchtáladh seacht ngnáthchruinniú agus dhá sheisiún faisnéisithe le Ranna Rialtais. Ghlac an Grúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais páirt freisin i dtrí chruinniú ag Grúpa Feidhmithe an Straitéis Náisiúnta Míchumais.

Imeacht chomhairliúcháin “Your Voice Your Choice”

Ar iarratas an Aire Míchumais, Comhionannais, Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, reáchtáil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais imeacht chomhairliúcháin — Your Voice Your Choice — le daoine faoi mhíchumas i mBaile Átha Cliath i Meitheamh 2012, chun éisteacht lena gcuid tuairimí agus cabhrú le Plean Forfheidhmithe an Straitéis Náisiúnta Míchumais a threorú, agus chun forbairt beartais agus seirbhísí a threorú chomh maith.

Leis an imeacht sin tógadh le chéile daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas, agus abhcóidí, chun plé cuiditheach a dhéanamh agus é treoraithe ag a dtaithí ina saol laethúil. Tugadh áit chun cloisteáil faoi na dúshláin atá i gceist agus faoi na tacaí a theastaíonn sa saol ó lá go chéile. Tugadh deis do dhaoine a gcuid tuairimí a thabhairt faoi na tosaíochtaí dar leo féin agus taifead a dhéanamh ar an eolas tábhachtach sin. Idir an imeacht agus áis ar líne a bhí ar fáil dóibh siúd arbh mian leo bheith i láthair ach nárbh fhéidir freastal uirthi, tugadh taifead ar thuairimí thart ar 250 duine agus foilsíodh iad; chlúdaigh siad na hábhair seo a leanas:

- An saol laethúil agus na rudaí atá tábhachtach dóibh
- Na gnéithe atá tábhachtach chun acmhainn duine a chomhlíonadh
- Déileáil chomhionann a fháil
- Roghanna a bheith acu agus maireachtáil neamhspleách
- Páirt a ghlacadh i saol an phobail

Tugadh an tuarascáil don Aire Stáit agus scaipeadh chuig na hoifigigh ábhartha í a bhfuil cúram leagtha orthu as Plean Forfheidhmithe an Straitéis Náisiúnta Míchumais, agus tá sé ar fáil ar www.nda.ie.

Gnéithe Aonair an Straitéis Náisiúnta Míchumais

Lean an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar aghaidh ag cur comhairle ar Ranna agus ghníomhaireachtaí aonair an Rialtais mar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ar údaráis áitiúla faoi ghnéithe den Straitéis Náisiúnta Míchumais agus faoi réimse beartais agus cleachtais i ndáil le míchumas.

Seirbhísí sláinte agus míchumais

An clár oibre leasaithe a chur chun cinn i seirbhísí míchumais

Ghlac an tSeirbhís Náisiúnta Míchumais páirt sna foirne forfheidhmithe chun moltaí thuarascálacha lárnacha an FSS a chur ar aghaidh — ar dhúnadh institiúidí cónaitheacha do dhaoine faoi mhíchumas (Time to

Move on from Congregated Settings) agus ar athbhreithniú ar sheirbhísí lae do dhaoine fásta (New Directions).

Measúnú Riachtanas

D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais tuarascáil ar staidéar a rinne sé ar oibriú an phróisis um measúnú reachtúil riachtanas faoin Acht Míchumais 2005. Rinneadh an obair sin i gcomhpháirt leis an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Leagtar béim sna torthaí ar réimsí dea-chleachtais agus aithnítear fadhbanna iontu nach mór dul i ngleic leo. Chruthaigh sé go bhfuil an iarracht diagnóis a aimsiú ar cheann de na fachtóirí a chuireann leis an líon mór acmhainní a thugtar don phróiseas measúnaithe. D'fhéadfadh go léiríonn sé sin an fhírict go bhfuil acmhainní san oideachas agus dul isteach i roinnt seirbhísí míchumais stiúrtha ag diagnóis go príomha seachas riachtanais a mbíonn sainiú níos leithne déanta orthu. Aithníodh roinnt céimeanna praiticiúla sa tuarascáil ar féidir a ghlacadh chun an próiseas measúnaithe a shruthlíniú do thuismitheoirí agus don FSS. Lean an NDA ar aghaidh ag dul i ngleic leis na comhpháirtithe tionscadail chun moltaí a aithníodh sa staidéar a chur ar aghaidh.

Taighde ar Leithdháileadh Acmhainní – staidéar indéantachta céim 1

I bhfianaise treoracha nua beartais a d'eascair ón Athbhreithniú Luacha ar Airgead agus Beartais ar Sheirbhísí Míchumais, rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais staidéar indéantachta ar shamhlacha um leithdháileadh acmhainní. Ba é a bhí i gceist leis sin na triail a bhaint as dhá chóras éagsúla um leithdháileadh acmhainní chun go ndéanfaidh acmhainní freastal níos fearr ar riachtanais aonair le haghaidh tacaí míchumais. Sa staidéar rinneadh triail indéantachta ar chóras an US Supports Intensity Scale (SIS) agus ar an In Control's RAS 5 sa Ríocht Aontaithe. Ba é a bhí i gceist leis an taighde ná measúnú próisis ar an dá huirlis bhunaithe sin. Mar chuid den taighde, cuireadh agallamh ar 112 duine fásta faoi mhíchumas agus thar réimse leathan míchumas agus socruithe maireachtála agus úsáid á baint as na ceistneoirí SIS agus RAS 5. Rinne measúnóir seachtrach taifead ar bhuanna agus laigí gach córais. Tionóladh Coiste Comhairleach a bhí comhdhéanta d'ainmnithe ó chomhlachtaí lárnacha ionadaíocha míchumais, i dteannta le comhaltaí ón Roinn Sláinte agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an staidéar ar siúl.

Tá sé beartaithe triail a bhaint as dhá shamhail eile um leithdháileadh acmhainní i 2013 sula dtabharfar comhairle faoi chóras éifeachtach agus oiriúnach chun críche.

Taighde ar Bhuiséid Phearsanta

Choimisiúnaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais athbhreithniú ar litríocht idirnáisiúnta ar chur i bhfeidhm córas um buiséid phearsanta. Sa tuarascáil scrúdaíodh cúig dhlínse – an RA, SAM, Ceanada, an Astráil agus an Ísiltír. San athbhreithniú sin ar thaithí i dtíortha comparáide aithnítear na deiseanna agus na teorannacha a thángthas trasna orthu agus buiséid phearsanta á dtabhairt isteach do dhaoine faoi mhíchumas.

Treoirlínte ar sheirbhísí sláinte príomhshrutha inrochtana

D'fhorbair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais sraith treoirlínte faoi conas cinntiú go mbeadh seirbhísí sláinte príomhshrutha inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. Cuireadh iad siúd faoi bhráid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tharraing na treoirlínte ar léirmheas ar litríocht ábhartha agus threoirlínte inchomparáide i ndlínsí eile, atá foilsithe ag an Údarás Náisiúnta Míchumais anois, chomh maith le próiseas comhairliúcháin le heagraíochtaí míchumais. Cuimsíonn na treoirlínte treoir ghinearálta faoi áitribh inrochtana, seirbhísí, cumarsáid agus eolas, chomh maith le treoir shonrach do sheirbhísí cúraim phríomhúil (dochtúirí ginearálta san áireamh), do sheirbhísí máithreachais, agus do sheirbhísí ospidéal.

Árachas Sláinte Uilechoiteann

D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais tuarascáil choimisiúnaithe ina ndearnadh achoimre ar an litríocht taighde a bhí ar fáil maidir le saincheisteanna do dhaoine faoi mhíchumas i samhail árachais sláinte uilechoiteann. Threoraigh sé sin an chomhairle beartais a cuireadh ar fáil don Aire Sláinte faoi na saincheisteanna do dhaoine faoi mhíchumas ar cheart a bhreithniú agus é ag beartú Árachas Sláinte Uilechoiteann a thabhairt isteach, lena áiríodh rochtain chomhionann ar chumhdach árachais ar phraghas réasúnta, agus an réimse seirbhísí a bheadh clúdaithe ag an árachas.

Comhairle bheartais eile i réimse na sláinte

D'eisigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais páipéir chomhairle freisin sna réimsí seo a leanas:

- Chuig an nGrúpa Faireacháin Fís don Athrú, maidir leis an straitéis meabhairshláinte a chur ar aghaidh
- Comhairliúchán ar mheabhairshláinte agus ar an gcóras dlí choiriúil
- Comhairliúchán ar an Straitéis Náisiúnta Néaltraithe
- Páipéar Comhairliúchán ar an Liúntas So-aistritheachta
- Comhairle ar rialáil seirbhísí éisteolaíochta príobháideacha

Caighdeán do dhaoine faoi mhíchumas

Caighdeán Náisiúnta d'Ionaid Chónaitheacha

D'fhoilsigh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) na Dréachtchaighdeán Náisiúnta d'Ionaid Chónaitheacha do Dhaoine faoi Mhíchumas um chomhairliúchán poiblí i 2012. Chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais aighneacht faoi bhráid HIQA mar fhreagra ar an gcomhairliúchán poiblí sin.

Caighdeán Eatramhacha um Sheirbhísí Lae do Dhaoine Fásta

Foilsíodh an t-athbhreithniú ar Sheirbhísí Lae an FSS do dhaoine fásta dar teideal New Directions i bhFeabhra 2012. Sa tuarascáil sin samhlaítear samhail nua seirbhísí ina leagtar béim ar thacaíocht dhaoine faoi mhíchumas chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí príomhshrutha sa phobal. Déantar ionadaíocht ar an NDA ar an ngrúpa feidhmithe. Faoi bplean feidhmithe, iarradh ar an Údarás Náisiúnta Míchumais dréachtchaighdeán eatramhacha a fhorbairt don tsamhail nua atá leagtha amach i New Directions. Meastar go bhfoilseofar Dréachtchaighdeán Eatramhacha um chomhairliúchán poiblí i Meán Fómhair 2013.

Fostaíocht

D'ullmhaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais coimre le haghaidh Airí ar na réimsí a d'fhéadfadh straitéis chuimsitheach fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a chumhdach.

Gníomhaireacht nua breisoideachais agus oiliúna

Chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais aighneacht faoi bhráid an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le Solas, an ghníomhaireacht nua um breisoideachas agus oiliúna, le moltaí lárnacha maidir le conas a fhéadann an ghníomhaireacht seirbhísí cuimsitheacha a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas.

Seimineáir Fhostaíochta

Reáchtáil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais sraith seimineár chun treoir a thabhairt ar bheartas agus chleachtas i ndáil le daoine faoi mhíchumas a fhostú. Tá an t-eolas lárnach a foghlaimíodh ó na seimineáir sin taifeadta ar shraith de pháipéir treorach ar an láithreán gréasáin.

- Seimineár le haghaidh ceardchumann ar shaincheistean fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas
- Seimineár ar straitéisí fostaíochta do dhaoine a bhfuil uathachas orthu

- Ról na fiontraíochta maidir le tacú le haistriú daoine faoi mhíchumas ó ghairmoideachas agus ghairmoiliúint go fostaíocht, agus an t-eolas a foghlaimíodh ó thionscadal Grundtvig an AE a chur san áireamh

D'óstáil an NDA cruinniú i bhFeabhra le haghaidh comhaltaí de Rehabilitation International Europe ar cuireadh torthaí léarscáiliú an NDA ar thaighde ábhartha i láthair aige. I dteannta leis an imeacht seo, reáchtáladh seimineár áit a ndearna an Dr Christopher Prinz ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta cur i láthair ar thuarascáil taighde dheireanach a rinne siad dar teideal **Sick on the Job: Myths and Realities about mental health and work.**

Scaipeadh chuig fostóirí

Scaipeadh eolaí an Údarás Náisiúnta Míchumais ar bhaill foirne faoi mhíchumas a choimeád, agus an cúrsa oiliúna ríomhfhoghlama i seirbhís chustaiméara chuig 3,000 comhalta IBEC, chuig comhaltaí poiblí agus chuig roinnt cuideachtaí príobháideacha aonair móra.

Cruinnithe le grúpaí fostaíochta idirnáisiúnta

Bhí cruinnithe ag an Údarás Náisiúnta Míchumais le toscaireachtaí agus grúpaí idirnáisiúnta lenar áiríodh grúpa fostaíochta tacaíthe as an mBeilg; an Roinn um Chúrsaí Daoine faoi Míchumas in Aireacht Slándála Sóisialaí na Liotuáine; Disability Employment Australia; agus comhghleacaithe fostaíochta na Tansáine.

Fostaíocht san earnáil phoiblí

Tiomsaíonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais tuarascáil bhliantúil reachtúil ar chomhlíonadh Cuid 5 den Acht Míchumais 2005 ina leagtar amach oibleagáidí ar fhostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí.

Sprioc fostaíochta de 3% bainte amach den chéad uair

Léirigh an tuarascáil bhliantúil le haghaidh 2011, a foilsíodh i Samhain 2012, gurbh é an cion iomlán de bhaill foirne faoi mhíchumas a tuairiscíodh thar an tseirbhís phoiblí iomlán ná 3.1% i 2011. Ba é an chéad uair ar baineadh amach an sprioc post de 3% do dhaoine faoi mhíchumas ó tháinig sé chun bheith ina ceangal dlí i 2006.

Cloch míle tábhachtach é sin, agus léiríonn sé tionchar na gcéimeanna tábhachtacha a glacadh ar fud na seirbhíse poiblí chun daoine faoi mhíchumas a earcú, a thacú agus a choimeád, chomh maith le tionchar córas níos fearr chun líon na mball foirne atá faoi mhíchumas a thaifeadadh agus a thuairisciú. Éacht suntasach é go háirithe agus é bainte amach i

gcoinne cúlra de laghdú ar líon na mball foirne sa tseirbhís phoiblí agus an moratóir ar earcaíocht nó líonadh folúntas thar chuid mhór den tseirbhís phoiblí.

Tá líon iomlán na mball foirne sa tseirbhís phoiblí ag dul i laghad ó 2007 agus laghdú de os cionn 33,000 tagtha air ag a buaic. Mar sin féin, tá méadú tagtha ar líon tuairiscithe na ndaoine faoi mhíchumas atá ag obair sa tseirbhís phoiblí ó 5,879 i 2007 go 6,171 i 2011. Bhí figiúr 2011 comhionann le méadú tuairiscithe de 423 fhostaí faoi mhíchumas nuair a chuirtear i gcomparáid le 2010 é.

I dteannta le céimeanna chun fostú ball foirne faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a thacú, ar cheann de na príomhchúiseanna leis an athrú tuairiscithe ó 2010 tá gur fheabhsaigh roinnt comhlachtaí poiblí móra a gcuid sonraí ar líon na mball foirne faoi mhíchumas agus chabhraigh ról dearfach cheardchumainn na hearnála poiblí le comhaireamh níos cruinne a chinntiú.

Obair leantach le comhlachtaí poiblí a raibh níos lú ná 3% fostaithe acu

D'iarr agus fuair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais eolas níos sonraí ó na comhlachtaí poiblí sin, a raibh acmhainn acu chun earcú i 2011 ach nár bhain amach an sprioc de 3%. D'eisigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhairle shaincheaptha chuig caoga comhlacht poiblí nár bhain an sprioc amach, agus rinne siad obair leantach níos sonraí leis na hocht gcomhlacht ba mhó as na comhlachtaí sin chun na dúshláin a shocrú a bhí ag baint leis an sprioc a bhaint amach agus chun treoir shonrach a thairiscint.

Ina theannta sin d'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais treoir ilchineálach maidir le conas an sprioc post de 3% a bhaint amach agus tógáil uirthi.

Ina theannta sin thug an NDA eolas do sheimineár Chomhdháil na gCeardchumann ar ról agus obair an Údarás Náisiúnta Míchumais, an Straitéis Náisiúnta Míchumais, cúrsa ríomhfhoghlama an NDA, taighde ar dhearcaí i dtreo daoine faoi mhíchumas, coimeád oibrithe a dtagann míchumas orthu, inrochtaineacht agus Dearadh Uilíoch.

Comhdháil le haghaidh comhlachtaí earnála poiblí ar fhostaíocht

D'óstáil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhdháil ar fhostú daoine faoi míchumas do chomhlachtaí poiblí i Meitheamh 2012. Bhí sí sin ceaptha chun treoir a thabhairt do chomhlachtaí earnála poiblí maidir lena gcuid

oibleagáidí reachtúla sa réimse sin a chomhlíonadh, chun dea-chleachtas a thaispeáint agus chun eolas agus smaointe a roinnt.

Chomh maith leis sin d'óstáil an NDA seimineár ar fhostaíocht d'Institiúidí Teicneolaíochta chun cur ar a gcumas dea-chleachtas atá sonrach dá n-earnáil féin a roinnt lena chéile.

Coimirce Shóisialach

Aoníocaíocht cúnaimh shóisialaigh

D'ullmhaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais páipéar don Roinn Coimirce Sóisialaí, i bhfianaise an pháipéir phlé ar aoníocaíocht cúnaimh shóisialaigh agus ar an díriú ar chur i ngníomh, na ról agus naisc éagsúla a leagan amach ar fud Ranna agus na gníomhaireachtaí is fearr a dhéanfaidh tacaí gan bhriseadh a sheachadadh do dhaoine faoi mhíchumas atá ag lorg oibre.

Athbhreithniú ar an Liúntais Míchumais

D'ullmhaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais páipéar don Ghrúpa Comhairleach ar Cháin agus Leas ar cheist na n-íocaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas faoi bhun 25 bliana d'aois. D'athdhearbhaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a chomhairle gur cheart íocaíochtaí leasa shóisialaigh i dtaobh daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois a dhéanamh tríd an Liúntas Cúram Baile.

Athbhreithniú ar an Liúntas Cúram Baile

Bhí Stiúrthóir an Údarás Náisiúnta Míchumais mar chomhalta den Ghrúpa Athbhreithnithe don Liúntas Cúram Baile a thug tuairisc i mí na Nollag 2012. Ina theannta sin chabhraigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais le hobair an Ghrúpa Athbhreithnithe ar na bealaí seo a leanas:

- Taighde ar chleachtas i ndlínsí eile
- Comhairle a thabhairt faoi shuirbhé ar thuismitheoirí, agus roinnt anailíse staitistiúla a dhéanamh ar na torthaí agus ar an bpróiseas comhairliúcháin
- Comhairle a thabhairt ar phróiseas comhairliúcháin scríofa agus pearsanta, agus 2 fhócasghrúpa a stiúradh, i Sligeach agus i mBaile Átha Cliath mar chuid den chomhairliúchán sin
- Páipéar taighde a ullmhú ar uirlisí bailíochtaithe chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais leanaí maidir le tacaíocht
- Páirt a ghlacadh i ngrúpa a leag amach na tacaí éagsúla atá ar fáil do thuismitheoirí linbh faoi mhíchumas
- Páipéar comhairle beartais a chur isteach

Tithíocht

Lean an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Ghníomhaireacht Tithíochta agus le heagraíochtaí míchumais ar chur i bhfeidhm an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas. Ghlac an tÚdarás Náisiúnta Míchumais páirt sa Ghrúpa Faireacháin, atá ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm na straitéise sin.

Treoirlínte ar mheabhairshláinte do bhaill foirne tithíochta

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais treoirlínte chun tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne tithíochta in údaráis áitiúla chun oibriú le custaiméirí a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, a bhí ar cheann de na míreanna gnímh sa straitéis náisiúnta tithíochta. Rinneadh na treoirlínte sin i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus foilseofar i 2013 iad.

Iompar

An Bille um Rialáil Tacsaithe

Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais trácht ar an mBille um Rialáil Tacsaithe 2012.

An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais trácht ar dhréacht-treoirlínte do thiománaithe tacsáí, hacnaí agus limisín maidir le daoine faoi mhíchumas a thiomáint.

Conarthaí Seirbhíse Bus

Ghlac an tÚdarás Náisiúnta Míchumais páirt freisin sa chomhairliúchán poiblí ar Chonarthaí Seirbhíse Bus 2014, agus mhol sé go gcumhdófaí dearadh uilíoch mar choinníoll um sholáthar poiblí. Chiallódh sé sin go mbeidh seirbhísí ar conradh inrochtana do gach duine is cuma faoi aois, méid, cumas ná míchumas.

An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhairle mar chuid de chomhairliúchán poiblí ar fhorbairt na Straitéise Náisiúnta ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 agus mhol sé soláthar poiblí agus Dearadh Uilíoch a úsáid chun timpeallachtaí níos sábháilte a phleanáil a bheadh deartha níos fearr agus a chuirfeadh feabhas ar shábháilteacht do gach úsáideoir bóthair amach anseo.

Tosaíocht Straitéiseach 2

Comhairle bheartais fianaise-bhunaithe a chur ar fáil chun neamhspleáchas agus caighdeán an tsaoil laethúil a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas thar an saolré

Coinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas

D'oibrigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais i gcomhpháirt leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun seimineár a eagrú in Aibreán do Ranna Rialtais. Ba í aidhm an tseimineáir ná cabhrú le Ranna chun ceanglais a aithint faoi Choinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas atá ábhartha dóibh, agus faoi ghníomhartha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais dhá láithreachas ag an seimineár agus rinne siad an tuarascáil ar imeachtaí an tseimineáir le haghaidh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Ina theannta sin thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais tairiscint le haghaidh taighde chun saincheisteanna a aithint ó thaobh an dlí maidir le daingniú.

Bhí cruinniú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun treoir a thabhairt faoi dhréachtú na reachtaíochta ar Inniúlacht Meabhrach, agus chuir sé taighde arna coimisiúnú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais i láthair; sa taighde sin rinneadh achoimre ar an bhfianaise taighde idirnáisiúnta ar chinnteoireacht.

Seimineár ar an Tuarascáil Dhomhanda ar Mhíchumas

Tugadh cuireadh do gach ballstát den Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun seimineár a óstáil ar fhionnachtana na Tuarascála Dhomhanda ar Mhíchumas 2011, a rinne an WHO agus an Banc Dhomhanda i dteannta a chéile. D'óstáil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais seimineár in Eanáir 2012, le Tom Shakespeare, duine d'údair an tuarascála, mar phríomhchainteoir, agus réachtáladh roinnt ceardlann ina dhiaidh ar chuid de théamaí lárnacha na tuarascála.

Dearcaí dearfacha a chur chun cinn

Taighde ar mheabhairshláinte

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc comh-mhaoiniú ar thaighde ar dhearcaí i dtreo daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, mar chuid de rannpháirtíocht an Údarás Náisiúnta Míchumais san fheachtas See Change. Tháinig an taighde

sin i ndiaidh taighde cosúlaí a rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais dhá bhliain roimhe sin, agus leagadh béim inti ar thionchar an chúlú eacnamaíochta agus an bhrú airgeadais ar fhadhbanna meabhairshláinte.

Ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas sna meáin chraolta

Tar éis comhthaighde a foilsíodh i 2009, reáchtáil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus an tÚdarás Náisiúnta Craolacháin seimineár ar fhionnachtana na taighde sin sular chuir sé tús le treoirlínte deonacha a fhorbairt sa réimse sin ag an Údarás Náisiúnta Craolacháin. Tá Grúpa Stiúrtha bunaithe anois chun na treoirlínte sin a chur ar aghaidh, a dhéanann ionadaíocht ar gach gné den chraoladh, agus ar dhaoine faoi mhíchumas, agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais san áireamh.

Rialacha Rochtana Craolta

Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais aighneacht don chomhairliúchán ar na Rialacha Rochtana a leagann amach ceanglais go mbeadh fotheidil nó léirmhíniú Teanga Comharthaíochta na hÉireann ag gabháil le híoschion dá n-ábhar.

Aitheantas do Theanga Comharthaíochta na hÉireann

D'ullmhaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais páipéar treorach don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar aithint teangacha comharthaíochta i ndlínsí eile, agus ar shaincheistanna in Éirinn. D'óstáil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais Babhta Bailithe Tuairimí faoin tsaincheist sin i mBealtaine, chun deis a thabhairt do phobal na mBodhar agus do dhéantóirí beartais plé a dhéanamh ar thosaíochtaí um chumarsáid agus léirmhíniú, agus ar bhealaí praiticiúla chun dul chun cinn a dhéanamh.

Maireachtáil neamhspleách sa phobal

D'ullmhaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais taighde dar teideal **Living in your own home with a disability**, a bhí bunaithe ar agallaimh le tuairim caoga duine faoi mhíchumas. Sa staidéar sin breathnaíodh ar na tacaí a bhí éifeachtach do dhaoine dar leo féin, maidir le cur ar a gcumas maireachtáil go neamhspleách agus fanacht ina dtithe féin.

Caighdeáin um Chosaint agus Leas Leanaí

D'fhoilsigh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) Dréachtchaighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh an FSS um chomhairliúchán poiblí i 2012. Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhairle do HIQA faoi na dréachtchaighdeáin sin.

Teicneolaíocht Chúnta

D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais taighde ar theicneolaíocht chúnta, a bhfuil ról ríthábhachtach aici maidir le cur ar chumas daoine maireachtáil go neamhspleách, agus rochtain a fháil ar oideachas agus fhostaíocht. Sa staidéar breathnaíodh ar an gcóras náisiúnta in Éirinn agus ar chórais idirnáisiúnta sa Danmhairg, san Iorua, san Íoslainn, san Iodáil, sa RA, agus sa Ghearmáin maidir le teicneolaíocht chúnta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus dhaoine scothaosta. Chlúdaigh an taighde córais um measúnú, threoir, chothabháil trealaimh, agus scrúdaíodh difríochtaí idir córais ar fud réimsí na sláinte agus an chúraim shóisialta, an oideachais agus na fostaíochta. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil go raibh córas na hÉireann tearcfhorbartha i gcoibhneas le tíortha eile, agus go bhfuil deis níos mó ann chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar na córais chun teicneolaíocht a sholáthar sna trí shuíomh éagsúla, córais atá neamhspleách óna chéile den chuid is mó faoi láthair.

Is í seo an chéad taighde ar Theicneolaíocht Chuiditheach in Éirinn agus tá tús curtha le plé maidir le cuid de na moltaí a chur i bhfeidhm.

Rochtain ar cheartas

I 2012, d'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais taighde ar chuir sé cúnamh deontais ar fáil dó faoin Scéim Deontas um Chur chun Cinn na Taighde 2011 i ndáil le:

- Rochtain ar an gcóras dlí agus cirt do dhaoine faoi mhíchumas (UCC), a rinne taifead ar bhunús agallamh náisiúnta agus na litríochta idirnáisiúnta ar na bacainní a mbíonn ar dhaoine faoi mhíchumas aghaidh a thabhairt orthu
- Foréigean gnéasach i gcoinne daoine faoi mhíchumas (National Rape Crisis Network of Ireland), a léirigh gur bhain beagnach 200 duine faoi mhíchumas úsáid as seirbhísí Éigeandála um Éigniú idir 2008 agus 2010

Obair Leantach leis na Gardaí

Bhí cruinniú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais le hoifigeach ó Oifig an Gharda Síochána um Chiníochas, Ilchultúrachas agus Éagsúlacht i mBealtaine chun plé a dhéanamh ar conas a dhéantar ionadaíocht ar mhíchumas agus dhaoine faoi mhíchumas in obair agus oiliúint na nGardaí, agus ar shaincheistanna a thagann chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas sa chóras ceartais choiriúil. Bhí cruinniú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais le

hionadaí na nGardaí ar an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta ar Fhoréigean in aghaidh na mBan i Meán Fómhair. Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais aighneacht leantach mar ionchur d'fhorbairt Straitéis 4 bliana na nGardaí.

Vótáil

D'ullmhaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais páipéar plé ar Vótáil Inrochtana, inar leagadh béim ar na bacainní roimh vótáil do dhaoine a d'fhulaing caillteanas radhairc agus daoine atá faoi mhíchumas intleachta. Sa pháipéar sin taispeánadh roinnt cur chuige idirnáisiúnta i dtreo dul i ngleic leis na bacainní sin, agus scrúdaíodh conas a d'fhéadfaí na réitigh sin a úsáid i gcomhthéacs thoghchóras na hÉireann. Reáchtáladh plé leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar mholtaí praiticiúla sa pháipéar.

Turasóireacht

Chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhairle ar an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Fáilte Éireann maidir le Tóstal Éireann 2013, ag tabhairt treorach faoi conas taithí thurasóireachta chuimsitheach a fhorbairt do dhaoine faoi mhíchumas agus dhaoine scothaosta. Ina theannta sin chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhairle ar Thurasóireacht Éireann ar eolas nuashonraithe do thaistealaithe faoi mhíchumas mar chuid d'athfhorbairt a láithreán gréasáin: www.discoverireland.com.

Spórt

D'óstáil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais seimineár ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiceach le saineolai náisiúnta agus idirnáisiúnta, chun béim a leagan ar thábhacht an spóirt agus na gníomhaíochta fisicí do dhaoine faoi mhíchumas, agus ar na deiseanna sa réimse sin.

Oideachas

Comhpháirtíocht

D'oibrigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais i gcomhpháirt leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ina chuid oibre chun na deiseanna breisoideachais agus breisoiliúna do dhaoine faoi mhíchumas a leagan amach. Tá réimse eile comhair maidir le daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu á scrúdú.

Bulaíocht agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Reáchtáil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais cruinniú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus chuir sé comhairle ar fáil maidir le Plean Gníomhaíochta na Roinne ar Bhulaíocht. Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta sin, déanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais taighde i 2013 ar dhea-chleachtas agus idirghabhálacha éifeachtacha i scoileanna na hÉireann chun bulaíocht ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chosc.

Treoir Frithbhulaíochta

Faoin Scéim Deontas un Chur chun Cinn na Taighde de chuid an NDA maoiníodh tionscadal ar thaighde agus threoirlínte ar bhulaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas intleachta a chosc (TCD). Tá an obair sin foilsithe agus tugadh don Roinn Oideachais agus Scileanna é freisin.

Comhdháil Bhliantúil an Údarás Náisiúnta Míchumais

Reáchtáil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a chomhdháil bhliantúil i nDeireadh Fómhair. Sna seisiúin iomlánacha ba iad na téamaí a pléadh ná tacaí nádúrtha sa phobal, coireacht fuatha, leithdháileadh acmhainní, agus pearsantú seirbhísí agus tacaí. Ag trí cheardlann chomhuaineacha san iarnóin clúdáíodh oideachas agus cuimsiú, timpeallachtaí cumasaithe, agus dearcaí athraitheacha. Tá páipéir chomhdhála agus nasc le físeán d'imeachtaí na comhdhála ar fáil ar an láithreán gréasáin.

Anailís ar shonraí an Suirbhé Náisiúnta Míchumais

Acmhainn shaibhir é an Suirbhé Náisiúnta Míchumais 2006 ar shaol daoine faoi mhíchumas, agus sonraí ann faoi thart ar 13,000 duine. Cuireadh na micreashonraí ón suirbhé sin ar fáil le linn na bliana agus thionscain an tÚdarás Náisiúnta Míchumais taighde choimisiúnaithe chun anailís a dhéanamh ar na micreashonraí ionas go bhféadfaí léargas níos mó a fháil. Deonaíodh conarthaí ar thrí thionscadal, le críochnú i 2013, ar:

- Leanaí faoi mhíchumas
- Daoine a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu
- Rochtain ar iompar

Tosaíocht Straitéiseach 3

Cuimsiú a chur chun cinn trí hinrochtaineacht agus dhearadh uilíoch

Treoir agus caighdeán

Treoir

D'oibrigh an NDA i ndlúthpháirt leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar na foilseacháin **Improving the Accessibility of Historic Buildings and Places** a thugann treoir níos sonraí agus a chomhlánaíonn an Cód Cleachtais.

Comhdháil

I 2012, chomhóstáil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhdháil ar Rochtain ar Fhoirgnimh agus Áiteanna Stairiúla leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Irish Georgian Society. D'fhreastail os cionn 200 duine lenar áiríodh ailtirí, innealtóirí, bainisteoirí ar áiseanna stairiúla agus oifigigh rochtana ar an gcomhdháil sin. Thug saineolaithe as an RA, an tSualainn agus Éirinn láithreachais inar taispeánadh dea-chleachtais sa réimse sin.

Paca Acmhainní ar Inrochtaineachta

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais **Foireann Uirlisí Inrochtaineachta do bhaill foirne na hearnála poiblí** ag <http://accessibility.ie> chun míniú conas seirbhísí, foirgnimh, eolas agus láithreáin ghréasáin phoiblí a dhéanamh níos inrochtana do chustaiméirí faoi mhíchumas.

Clúdaíonn sé raon ábhar chun Oifigigh Rochtana agus daoine eile a threorú maidir le dea-chleachtas san inrochtaineacht a chur i bhfeidhm agus na hoibleagáidí dlí atá leagtha amach i gCuid 3 den Acht Míchumais a chomhlíonadh. Tugann sé treoir agus naisc ar fhoirgnimh inrochtana, aslonnú sábháilte do dhaoine faoi mhíchumas, eolas inrochtana, láithreáin inrochtana, agus conas planáil i gcomhair inrochtaineachta.

Féadann baill foirne na hearnála poiblí rochtain a fháil ar an láithreán gréasáin seo ar fhearas ar bith, áit ar bith — ionas go bhféadann siad sainchomhairle faoi inrochtaineacht a fháil i gcónaí. Ina theannta sin tá físeán 17-nóiméid fortheideal dúnta de láithreachas ar an bhfoireann uirlisí inrochtaineachta ar fáil ar chainéal Youtube an Údarás Náisiúnta Míchumais.

Comhdháil ar inrochtaineacht

D'óstáil an NDA comhdháil i Meitheamh do bhaill foirne na hearnála poiblí, Oifigigh Rochtana san áireamh, chun béim a leagan ar saincheisteanna inrochtaineachta agus ar acmhainní inrochtaineachta an NDA, lenar áiríodh an Fhoireann Uirlisí Acmhainní Inrochtaineachta agus an oiliúint ríomhfhoghlama ar Chomhionannas Míchumais, agus chun fóram a sholáthar le dea-chleachtas a roinnt.

Soláthar

Ceanglaíonn Alt 27 den Acht Míchumais 2005 ar bhaill foirne i gcomhlachtaí poiblí cinntiú go bhfuil earraí nó seirbhísí arna soláthar dóibh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais doiciméad treorach chun feabhas a chur ar fheasacht ar na ceanglais dlí i ndáil le hinrochtaineacht agus soláthar, agus chun treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí ar conas a fhéadann siad inrochtaineacht a chuimsiú ina gcuid beartas, nósanna imeachta agus cleachtas um sholáthar. Sa treoir moltar bealaí chun athrú a dhéanamh ar phróisis reatha soláthair, agus tugtar critéir shamplacha um sholáthraithe le húsáid ina gcuid iarratas ar thairiscintí.

Taispeántí tí um chórais méadráithe chliste

I 2012, d'fhógair an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh go raibh sé beartaithe leas a bhaint as méadair chliste leictreachais agus gháis ar fud na hÉireann idir 2016 agus 2019. Mar chuid de thar-rolladh na méadar cliste, gheobhaidh gach custaiméir teaghlaigh Taispeántí Tí a bheidh in ann eolas beagnach réadama ar a n-ídiú fuinnimh a thaispeánt.

Choimisiúnaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais taighde agus forbairt treoirlínte teicniúla um Dhearadh Uilíoch Taispeántí Tí. Treoróidh na treoirlínte ceannairí tionscadail, páirtithe leasmhara, dearthóirí agus gníomhaireachtaí soláthair ar dhearadh Taispeántí Tí ionas go mbeidh custaiméirí teaghlaigh in ann rochtain a fháil uirthi, iad a thuiscint agus a úsáid an oiread is féidir is cuma faoi aois, mhéid, chumas ná mhíchumas. Tugadh faoi phróiseas taighde trí-chéime a bhí déanta suas de léirmheas litríochta, de thástáil inúsáidteachta agus chomhairliúchán le páirtithe leasmhara lárnacha. Críochnófar an tionscadal sin sa chéad leath de 2013.

Tógáil do Chách

D'athbhreithnigh an Lárionad Sármhaitheasa i nDhearadh Uilíoch an leagan athbhreithnithe den tsraith **Tógáil do Chách– Cur Chuige Dearaidh Uilíoch** ar an 23 Feabhra 2012. Leis an leagan sin méadaítear go mór an

leagan ó 2002 a bhí ann roimhe, glactar cur chuige bunaithe ar Dhearadh Uilíoch agus cuimsítear na caighdeáin is deireanaí. Den chéad uair, cuimsíonn sé treoir shonrach ar phleanáil agus fhorbairt.

Tá an leagan nua de Tógáil do Chách comhdhéanta de shraith de 10 leabhrán a chlúdaíonn gnéithe éagsúla de dhearadh tógála lena n-áirítear spás seachtrach, imshruthú ingearach agus cothrománach, agus an próiseas pleanála. Tá treoir phraiticiúil shonrach iontu, i dteannta le léaráidí, grianghraif agus seicliostaí, chun forbróirí, ailtirí, dearthóirí, tógálaithe agus bainisteoirí tógála a spreagadh chun bheith nuálaíoch agus smaoineamh go cruthaitheach faoi réitigh a fhreastalaíonn ar riachtanais gach duine, is cuma faoi aois, mhéid, chumas ná mhíchumas. Ar bhealach praiticiúil cumhdaíonn an tsraith coincheapa agus fealsúnacht an dearaidh uilíoch. Sheol Phil Hogan, T.D., an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an tsraith, i dteannta leis na príomhchainteoirí Michelle Fagan, Uachtarán Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI), agus Onny Eikhaug, Ceannaire Cláir Design for All, Norwegian Design Council.

D'fhreastail os cionn 200 duine ar an imeacht. I measc iad siúd a bhí i láthair aici bhí gairmithe i réimse na timpeallachta tógtha ó earnálacha poiblí agus príobháideacha.

Caighdeán Dearaidh Uilíoch do Sholáthraithe Fuinnimh

Chomhoibrigh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh agus an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann chun caighdeán SWiFT (Standard Written in Fast Track) um dhearadh uilíoch seirbhísí custaiméara do sholáthraithe fuinnimh a sheoladh—is é an chéad chaighdeán den chineál sin ar an domhan.

Le caighdeán 2012 cuirtear uirlisí ar fáil chun cabhrú le cinntiú go gceaptar na cumarsáidí scríofa, béil agus gréasáin a bhíonn soláthraithe fuinnimh le custaiméirí ar bhealach a dhéanfaidh freastal ar riachtanais a gcuid custaiméirí go léir thar speictream na haoise, an chumais agus an mhíchumais. Tá an caighdeán spriocdhírithe chun soláthraithe fuinnimh na hÉireann a chur ar chomhréim le reachtaíocht ghaolmhar dheireanach, agus chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus inúsáidteacht eolais agus cumarsáide le haghaidh níos mó ná 1.5 milliún custaiméir fuinnimh in Éirinn.

Treoiríní ar Dhearadh Uilíoch do theilifís dhigiteach

Foilsíodh treoiríní ar Dhearadh Uilíoch do threalamh agus sheirbhísí Teilifíse Digití agus scaipeadh chuig páirtithe leasmhara lárnacha iad. Leis an aistriú ó Theilifís thrastíre go Dhigiteach in Éirinn, tá go leor daoine, daoine scothaosta ach go háirithe ag tabhairt aghaidhe ar dhúshlán maidir leis an bparaidím idirghníomhaithe nua sin a úsáid. Is iad na treoiríní sin ar Theilifís Dhigiteach na chéad treoiríní a dhíríonn ar riachtanais raoin leathan d'úsáideoirí agus níl siad dírithe go heisiach ar riachtanais fíor-úsáideoirí mar a thugtar orthu, mar shampla daoine faoi mhíchumas.

Freisin réachtáil an NDA seimineár le saineolaí sa réimse sin as SAM.

Foireann Uirlisí Soláthair na hEorpa um TFC Inrochtana

Leanann an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch de chuid an Údarás Náisiúnta Míchumais ar aghaidh ag cur le hobair an Choimisiúin Eorpaigh ar Cheanglais Inrochtaineachta na hEorpa um Sholáthar Poiblí Táirgí agus Seirbhísí i réimse na TFC (Mandáit 376), i dteannta le dhá chomhlacht caighdeánaithe san Eoraip, CEN agus ETSI. Is í an aidhm atá i gceist ná caighdeán Eorpach a fhorbairt agus foireann uirlisí a fhorbairt a bheidh ag gabháil leis chun soláthar poiblí teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus inrochtana a chumasú. Ba é a bhí i gceist le hobair i 2012 ná téacs an chaighdeáin a thabhairt chun críche agus forbairt an ábhair agus an deartha don láithreán gréasáin foireann uirlisí a láimhseáil. Meastar go mbeidh an fhoireann uirlisí ar fáil i 2014.

Dearadh Uilíoch i Rannpháirtíocht Custaiméirí

Chuir an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch de chuid an Údarás Náisiúnta Míchumais tús le tionscadal chun sraith d'fhoirne uirlisí a fhorbairt chun eolas a thabhairt don earnáil Soláthair Fuinnimh agus don earnáil Turasóireacht ar conas cur chuige bunaithe ar Dhearadh Uilíoch a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht custaiméirí ina gcuid seirbhísí a fheabhsú. Tabharfaidh na foirne uirlisí samplaí praiticiúla, leideanna, seicliostaí agus uirlisí eile le húsáid ag soláthraithe fuinnimh agus turasóireachta. Cabhróidh an Fhoireann Uirlisí leis an gceanglas atá sa NSAI SWiFT 9:2012 “Universal design for energy Suppliers” agus an NSAI, IS 373: 2013 “Universal Design for Customer Engagement in Tourism Services” a chur i bhfeidhm. Cuirfear na foirne uirlisí ar fáil nuair a sheolfar an caighdeán go hoifigiúil i mBealtaine 2013.

Rannpháirtíocht Custaiméirí i Seirbhísí Turasóireachta

I gcomhpháirt leis an Údarás Comhionannais thosaigh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch san Údarás Náisiúnta Míchumais obair leis an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, Fáilte Éireann agus páirtithe leasmhara san earnáil lompair agus Turasóireachta (Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí stáit, an earnáil phríobháideach agus úsáideoirí deiridh) chun NSAI, IS 373 an caighdeán um Dhearadh Uilíoch do Rannpháirtíocht Custaiméirí i Seirbhísí Turasóireachta a fhorbairt. Seolfar an caighdeán sin, arb é an chéad chaighdeán den chineál sin ag lmeacht a Bhaineann le hUachtaránacht na hEorpa i mBealtaine 2013. Tá an caighdeán á thairiscint saor in aisce do níos mó ná 18,000 Soláthraí Seirbhíse Turasóireachta agus beidh Foireann Uirlisí ag gabháil leis.

Treoirlínte idirnáisiúnta ar chaighdeán— Treoir 71

Tá an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch san Údarás Náisiúnta Míchumais rannpháirteach mar shaineolaí ar an gComhghrúpa Comhairleach Teicniúil atá ag nuashonrú agus ag athscríobh an doiciméad lárnach idirnáisiúnta ar dhearadh inrochtana, **Treoirlínte um forbróirí caighdeán chun dul i ngleic le riachtanais daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas**, ar a dtugtar Treoir 71 ISO/IEC. Tá obair déanta ag an NDA ach go háirithe maidir le hAicmiú Idirnáisiúnta Feidhmithe (International Classification of Functioning/ICF) an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a chuimsiú sa doiciméad idirnáisiúnta seo, agus tá ár gcuid oibre ar shonraí faoi mhéid comhtháite aige sa tionscadal seo freisin.

Seimineár

Chun ár gcomhoibriú leis an gComhghrúpa Comhairleach Teicniúil sin a chur ar aghaidh, chomheagraigh an NDA seimineár (leis an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann) ar “Innovation Lead Design for Competitive Advantage”. Mar chuid den imeacht labhair triúir cainteoirí faoi Dhul chun Cinn maidir le hInrochtaineacht agus Inúsáidteacht i gCaighdeán agus críochnaíodh é le plé painéil faoi stiúir. D’fhreastail comhaltaí idirnáisiúnta ón gComhghrúpa Comhairleach Teicniúil ar ISO/IEC Treoirleabhar 71 ar an imeacht chomh maith le lucht éisteachta Éireannach ar tugadh cuireadh dóibh.

An Coiste Comhairleach ar na Caighdeáin Inrochtaineacht do Chách

Oibríonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais leis an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann trí hobair an Choiste Chomhairligh ar na Caighdeáin

Inrochtaineacht do Chách (Accessibility for All Standards/AASCC) agus a sheacht meitheal oibre. Tugann an meitheal oibre comhairle faoi fhorbairt caighdeán ar Dhearadh Uilíoch táirgí, seirbhísí, teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide agus an timpeallacht thógtha. Thug na meithleacha oibre aighneachtaí faoi roinnt caighdeán Eorpach agus idirnáisiúnta. Ba é buaicphointe na bliana ná a rannpháirtíocht sa chéad chaighdeán náisiúnta ar Dhearadh Uilíoch a fhorbairt i seirbhísí turasóireachta.

Treoirlínte ar thithe dearaidh uilíoch

Tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ag obair chun treoirlínte a fhorbairt um thithe dearaidh uilíoch—“Guidelines for Universal Design Homes for Ireland”—tithe atá oiriúnach do dhaoine d’aois, de mhéid, de chumas nó de míchumas éagsúla agus ar féidir a chur in oiriúint go héasca le haghaidh na gcéimeanna éagsúla den saol. Tá sé beartaithe go mbeadh na treoirlínte seo oiriúnach do gach teach agus árasán. Leis an obair chonacthas an chéim dheireanach den ghné áirithe sin den tionscadal ar Threoir um Thithe Dearaidh Uilíoch. Is é an chéad chéim eile ná Anailís Costais is Tairbhe ar Thithe Dearaidh Uilíoch a chríochnófar i 2013.

Scéimeanna Gradaim

An Gradam um Dhearadh Uilíoch 2012

Chomhoibrigh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch de chuid an Údarás Náisiúnta Míchumais leis an Institute of Designers in Ireland (IDI) chun an chéad Ghradam um Dhearadh Uilíoch de chuid an IDI a bhunú agus a chur i láthair. Thug Stiúrthóir an Údarás Náisiúnta Míchumais agus Uachtarán an IDI an gradam sin i dteannta a chéile ag imeacht Gradam 2012 an IDI. Bhuaigh dearthóir táirgí óg as Éirinn an comórtas don ghradam le haghaidh a dhearadh nua cathaoireach ar a tugadh an chathaoir “Comfort Plus” le haghaidh leanaí. Ghlac cuid mhór de chomhaltaí náisiúnta an IDA páirt in imeachtaí 24 uaire um Dhúshlán Dearaidh Uilíoch de chuid an Údarás Náisiúnta Míchumais/an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch. Ba é giúiré idirnáisiúnta a roghnaigh an gradam agus úsáid á baint acu as critéir deartha a bhí bunaithe ar 7 bPrionsabal agus 29 dtreoirlíne an Dearaidh Uilíoch.

Feasacht

Oiliúint Ar Chomhionannas Míchumais Ar Líne do bhaill foirne na hearnála poiblí

Lean an tÚdarás Náisiúnta Míchumais air ag tabhairt oiliúna ar chomhionannas míchumais ar líne do bhaill foirne na hearnála poiblí. Chomhoibrigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais le Lónra Oifigeach

Rochtana na n-Údarás Áitiúil ar an gclár “Enabling Access across Generations” do dhaltai na hIdirbhliana. Bhain beagnach 1,000 dalta idirbhliana úsáid as modúl ríomhfhoghlama an Údarás Náisiúnta Míchumais chun ullmhú i gcomhair déileála le custaiméirí faoi mhíchumas le linn a dtaithe oibre.

D’óstail an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch de chuid an Údarás Náisiúnta Míchumais sraith seimineár agus thug sé láithreachais ag seimineáir/comhdhálacha éagsúla chun feacht agus tuiscint a mhúscailt faoi dhearadh uilíoch agus chun moladh do pháirtithe leasmhara glacadh leis lenar áiríodh léacht ar Dhearadh Uilíoch agus an timpeallacht thógtha don Chartered Institute of Building (Lárionad an Tuaiscirt) i gCorcaigh.

D’oibrigh an NDA i gcomhpháirt le hAiltirí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhí i mbun athchóirithe ar líonra Cheantar Shráid Grafton chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hoibreacha beartaithe.

Freisin d’fhreastail an CEUD ar shraith de sheimineáir ag Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) ar Dhearadh Bunscoile. Ba é cuspóir na sraithe ná plé a chothú faoi réimsí áirithe de dhearadh bunscoileanna agus treoir a thabhairt don athbhreithniú ar an gCoimre Bunscoile atá á dhéanamh faoi láthair ag an Aonad Pleanála agus Tógála agus Cigireacht an Roinn Oideachais & Scileanna.

Taighde agus eolas

Taighde ar Dhearadh Uilíoch & Theicneolaíocht do Dhaoine Scothaosta

Bhí an tÚdarás Náisiúnta Míchumais mar chomhpháirtí le hOspidéal San Séamas mar chuid de Bhaile Átha Cliath Cathair Eolaíochta 2012, ar thionscadal taighde a bhí dírithe ar “Universal Design & Technology for Older People”. Ghabh an taighde sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla ar idirghníomhú daoine scothaosta le táirgí laethúla. Díríodh uirthi ar theicneolaíocht monatóireachta agus aláram a úsáideann daoine scothaosta agus ar theicneolaíochtaí a thuairiscigh daoine go raibh siad “deacair le húsáid” mar DVDanna. Fuarthas amach sa tionscadal a mhéid is atá prionsabail an Dearaidh Uilíoch cumhdaithe sna teicneolaíochtaí sin, agus tábhacht choibhneasta phrionsabail an Dearaidh Uilíoch maidir le hinúsáidteacht fhoriomlán. Rinneadh taifead ar éifeachtacht agus ar shásamh leis na teicneolaíochtaí sin agus ar riachtanais daoine scothaosta, na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo agus a gcuid ionchas agus roghanna agus úsáid na dteicneolaíochtaí sin acu. Sa tionscadal forbraíodh uirlis tástála chun measúnú a dhéanamh ar Dhearadh Uilíoch in situ i

gcomhthéacs na hÉireann agus baineadh triail as an uirlis sin. Chun torthaí na taighde a chur i láthair ar bhealach suimiúil, rinneadh cur i láthair amharclainne dar teideal “Red button, Green button” a choimisiúnú agus léiríodh é ag “ActivAge 2012: Exploring Successful Ageing with the Aid of Technology” a reáchtáladh i mí na Samhna. Tá páipéar acadúil á ullmhú le foilsiú in irisleabhar ar dhearadh agus tá an uirlis a forbraíodh chun measúnú a dhéanamh ar Dhearadh Uilíoch á úsáid chun dearadh uirlisí agus tionscadal gaolmhar eile a threorú.

An ICF agus Dearadh Uilíoch

Choimisiúnaigh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch san Údarás Náisiúnta Míchumais taighde ar an WHO-ICF agus Acmhainní Gaolmhara chun feabhas a chur ar Chaighdeán um Dhearadh Uilíoch a chomhtháthú. Aithníodh na tréithe lárnacha a bhaineann le Dearadh Uilíoch. Rinneadh na gnéithe a leagan amach sa treoir chun úsáid téarmaíochta a threorú chomh maith le cúrsaí próisis um dearadh laethúla a shonrú agus a roghnú. Ba é a bhí i gceist le tionscadal 2012 ná athbhreithniú córasach ar an litríocht idirnáisiúnta agus doiciméad treorach a fhorbairt ina bhfuil samplaí le haghaidh gach ceann de na réimsí dearaidh; táirgí, seirbhísí, an timpeallacht thógtha agus Teicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide.

Méid um Dhearadh Uilíoch

Choimisiúnaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais taighde chun an tionchar a bhíonn ag méid chorp an duine ar fhorbairt an dearadh uilíoch a shocrú, toisc go bhfuil méid mar chomaoin lárnach den dearadh uilíoch mar a aithníodh san Acht um Míchumas 2005. Cuimsíonn an tionscadal atá ina thrí chuid léirmheas idirnáisiúnta ar an litríocht, suirbhé náisiúnta ar dhearthóirí, mic léinn deartha agus speisialtóirí soláthair agus treoir ar dhea-chleachtas sa todhchaí. Foilseofar an treoir le haghaidh dearthóirí, oideoirí agus speisialtóirí soláthair i 2013.

Láithreáin ghréasáin na hearnála poiblí

Críochnaíodh taighde ar conas is féidir dearadh faisnéise agus seirbhísí poiblí ar líne a fheabhsú chun go mbeidh taithí níos fearr ag úsáideoirí ar líne agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí do chomhlachtaí rialtais agus poiblí. Trí mheán agallamh agus suirbhéanna le raon leathan páirtithe leasmhara, chomh maith le hanailís ar láithreáin ghréasáin lárnacha de chuid na hearnála poiblí, treoraíodh forbairt treoirlínte deartha. Seolfar na treoirlínte ag imeacht do bhainisteoirí gréasáin san earnáil poiblí i gcomhpháirt leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i 2013. Meastar go gcabhróidh na treoirlínte le comhlachtaí poiblí a gcuid oibleagaidí a chomhlíonadh faoi Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí -

ríomhsheirbhísí Rialtais 2012 – 2015 chun riachtanais leanaí a chur ag croílár an r-Rialtais. Tagraítear do na treoirlínte sa Straitéis Dhigiteach Náisiúnta (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha) mar acmhainní a mholtar a úsáid agus seirbhísí ar líne níos inrochtana agus tarraingtí á mbaint amach.

Taighde ar spáis agus dhromchlaí roinnte

Coimisiúnaíodh taighde ar chleachtais chomhaimseartha in Éirinn agus thar lear agus ar smaoineamh faoi spáis roinnte, dhromchlaí roinnte agus “creasa baile” ina raibh moltaí lárnacha faoin treo ar cheart don Údarás Náisiúnta Míchumais a ghlacadh i ndáil leis an ábhar sin. Foilsíodh an Tuarascáil Taighde agus Moltaí i Meán Fómhair 2012.

Chuir an NDA comhairle ar oifigigh sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a bhí i mbun an athbhreithnithe ar an Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Shráideanna Uirbeacha chun iad a chur ar a n-eolas faoin taighde sin.

Is é an chéad chéim eile den obair seo ná Staidéir Phíolótacha ina ndéanfar taighde réamh-mheasúnaithe agus iarmheasúnaithe ar dhearadh Spásanna Roinnte ó thaobh Dearaidh Uilíoch. Tá CEUD i mbun plé le hÚdaráis Áitiúla faoi ionaid suímh féideartha um Spás Roinnte.

Taighde ar Champais Oideachais de Dhearadh Uilíoch

Is í aidhm an tionscadail seo ná taighde a dhéanamh ar an dea-chleachtas comhaimseartha in Éirinn agus thar lear ar Champais Oideachais thar an Saolré—scrúdú a dhéanamh ar conas a threoraíonn Dearadh Uilíoch dearadh campas den sórt sin in Éirinn le haghaidh daoine d’aois, de mhéid, de chumas, nó de mhíchumas ar bith — agus moltaí lárnacha ann faoin treo ar cheart d’Éirinn a ghlacadh maidir le cur chuige bunaithe ar Dhearadh Uilíoch i dtreo Champais Oideachasúla Saolré. Rinneadh an taighde sin a choimisiúnú i 2012 agus críochnófar i 2013 í.

Dearadh tí do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu

Is í aidhm an tionscadail seo ná treoir a thabhairt do ghairmithe i réimse an deartha agus do pháirtithe leasmhara leis an Dearadh Uilíoch riachtanach ar dhearadh tithe nua agus aisfheistiú an stoc reatha tithe chun dul i ngleic le riachtanais daoine a bhfuil néaltrú orthu. Féadann dearadh oiriúnach tí cabhrú le tacaíocht a thabhairt do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu ionas go mbeidh siad in ann maireachtáil chomh fada is féidir ina gcuid tithe agus pobal féin. Rachaidh an Taighde, na Moltaí agus an Treoir ar Dhearadh i ngleic freisin le riachtanais theaghlaigh na ndaoine a bhfuil néaltrú orthu.

Coimisiúnaíodh an obair sin ag deireadh 2012 agus críochnófar í ag deireadh 2013.

Tionscadal taighde tacaíthe

Tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ag déanamh maoirseachta ar thionscadal taighde iardhochtúireachta agus dochtúireachta faoin scéim “Enterprise Partner Research” de chuid Chomhairle Taighde na hÉireann agus tá sé ag tabhairt tacaíochta don tionscadal.

Taighde ar tháirgí de Dhearadh Uilíoch agus ar innealtóireacht próisis

1. Críochnaíodh tionscadal taighde dhá-bhlíana ar Dhearadh Uilíoch don innealtóireacht i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath. Chruthaigh an tionscadal conas is féidir Dearadh Uilíoch a chur i bhfeidhm ar thaighde táirgí agus innealtóireacht dearaidh, agus ar mhúineadh agus fhoghlaim i réimse na hinnealtóireachta.

Toradh amháin ar an tionscadal ab ea coincheap nua do tháirge chun brú i gcoinne an choirp a bhrath a bhí spreagtha ag Dearadh Uilíoch. Tá paitinn curtha ar an maoin intleachta ag Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus tá maoiniú tugtha ag Fiontraíocht Éireann don taighdeoir chun tionscadal a oibriú leis an gcoincheap a fhorbairt níos mó go feidhmeanna táirge féideartha. Is é an dara toradh lárnach ná próiseas taighde nuálaíoch um innealtóireacht táirge a úsáideadh chun go leor ábhar a fhorbairt do churaclam innealtóireachta. Tá triail á baint astu siúd mar bhonn nua um chuir chuige chun Dearadh Uilíoch a chomhtháthú i dteagasc, i bpleanáil cúrsaí agus i gcomórtais deartha.

2. Déanfar an dara píosa taighde dochtúireachta atá comh-mhaoinithe ar chóras rátála Dearaidh Uilíoch a shainiú le haghaidh foirgneamh. Tá taighdeoir ailtireachta ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath ag scrúdú na réimse sin agus go háirithe conas a d’fhéadfadh go n-oibreodh sé ar bhealach cosúil leis an gcóras um Rátáil Fuinnimh Foirgnimh atá i bhfeidhm in Éirinn cheana féin. Tá an obair sin ag dul ar aghaidh agus tá sí le bheith críochnaithe faoi Mheán Fómhair 2013.

Seimineár ar Theileachúram agus Theileashláinte

Óstáladh seimineár faoin téama “Enabling Independent Living through promoting Universal Design of Health Services for Telecare and Telehealth” ar an 23 Bealtaine 2012 i bPáirc an Chrócaigh. Thug Cathal Magee, POF an FSS agus an tOllamh Stan Newman, Príomhthaighdeoir an tionscadail Whole Systems Demonstrator, an RA na príomhoráidí.

D'fhreastail go leor daoine ar an seimineár a raibh ina measc cleachtóirí sláinte, an lucht tionscail, comhlachtaí ionadaíocha, oifigigh ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ón Roinn Sláinte. Leag an tÚdarás Náisiúnta Míchumais amach a chuid pleananna chun taighde a dhéanamh ar theileashláinte/theileachúram in Éirinn.

Oideachas

Modúl ar Dhearadh Uilíoch don churaclam tríú leibhéal

Chríochnaigh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch tionscadal chun modúl ar dhearadh uilíoch a fhorbairt atá oiriúnach le húsáid i ngach cúrsa céad bliana san innealtóireacht, san ailtireacht, sa teicneolaíocht agus sa dearadh. Ghlac cuibhreann d'institiúidí oideachais tríú leibhéal páirt sa churaclam agus a chuid ábhar á bhforbairt i 2011, agus baineadh triail astu i gcoláistí tríú leibhéal éagsúla i 2012. Tá baill foirne an CEUD ag úsáid ábhar an mhodúil in aoi-léachtaí do mhic léinn 3ú leibhéal. D'aithin an tionscadal roinnt straitéisí um thar-rolladh an churaclaim le leanúint i 2013.

Modúl píolótach ar Dhearadh Uilíoch don churaclam dara leibhéal

Rinne an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch san Údarás Náisiúnta Míchumais tionscadal i gcomhpháirt le hOllscoil Cambridge (an RA) inar oibríodh trialacha píolótacha ar mhodúl curaclaim ar Dhearadh Uilíoch ag dara leibhéal i gcláir idirbhliana atá dírithe ar an teicneolaíocht. Sa churaclam tugtar bunchúrsa do dhaltaí dara leibhéal ar fhadhbhréiteach deartha atá bunaithe ar chleachtaí deartha dírithe ar an úsáideoir chun réitigh Dearaidh Uilíoch a chruthú. Rinneadh tuilleadh athbhreithnithe ar fhionnachtana an tionscadail agus ar an modúl curaclaim i gceardlanna straitéise tar-rolltha le teagascóirí dara leibhéal. Tá pleanáil ar siúl le haghaidh tionscadail i 2013 chun an curaclam a bharrfheabhsú do Ghearrchúrsa a bheidh ar aon dul leis an gCreat Sraithe Sóisearaí athbhreithnithe de chuid an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Tosaíocht straitéiseach 4

Forbairt a dhéanamh ar acmhainn an Údarás Náisiúnta Míchumais chun a chuid spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh

Lean an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar aghaidh ag obair chun éifeachtúlachtaí a bhaint amach agus chun feabhas a chur ar acmhainn agus cháilíocht a chuid oibre le linn 2012, d'ainneoin na ndúshlán atá ag baint leis an laghdú ar líon na mball foirne. Mar chuid den obair sin baineadh leas as seirbhísí roinnte TF agus tacaíochta airgeadais ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, de réir bheartas an Rialtais ar sheirbhísí roinnte. Tugtar tuairisc thíos ar fhorbairtí sonracha eile.

Oifigeach Rochtana

Lean Oifigeach Rochtana an Údarás Náisiúnta Míchumais, a ceapadh de réir an Achta um Míchumas, ar aghaidh ag eagrú cúnamh oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas a bhain úsáid as eolas agus seirbhísí an Údaráis. Tá sonraí an Oifigigh Rochtana ar fáil ar leathanach baile láithreán gréasáin an NDA.

Seirbhís leabharlainne

Tá os cionn 55,000 mír faoi mhíchumas agus ábhair bhainteacha ag an Údarás Náisiúnta Míchumais, a thugann acmhainn chun tacú le comhairle agus treoir atá teoraithe ag fianaise a d'fhorbair an tÚdarás. Tá an bailiúchán fairsing sin déanta suas de leabhair, d'irisleabhair, de DVDanna, d'fhíseáin agus de CD ROManna. Chomh maith le catalóg ar líne a chur ar fáil, soláthraíonn an Leabharlann leabhair agus ailt irisleabhair tríd an bpost agus féadann daoine cuairt a thabhairt ar an leabharlann chun saothair níos sonraí a fháil.

I rith 2012, d'fhreagair an Leabharlann thart ar 400 ceist, agus chuaigh 13 bhall nua léi le linn na bliana. Ina theannta sin thug an Leabharlann thart ar 50 leabhar, 50 doiciméad agus 26 halt irisleabhair ar iasacht.

Ríomh-nuachtlitir

I 2012, d'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a chéad Nuachtlitir leictreonach. Seoltar an Nuachtlitir ráithiúil trí ríomhphost chuig os cionn 2,000 síntiúsóra. Coimeádann sé daoine ar a n-eolas ar obair an Údarás Náisiúnta Míchumais ina chuid réimsí lárnacha mar atá Beartas, Taighde, Caighdeáin agus Dearadh Uilíoch. Féadann daoine cóipeanna cartlainne den

ríomh-nuachtlitir a fháil nó más mian leo bheith ina síntiúsóir féadann siad clárú ar líne ag www.nda.ie.

Airgeadas agus rialachas

De réir dea-rialachais tá coiste iniúchóireachta neamhspleách ag an Údarás Náisiúnta Míchumais a lean ar aghaidh ag reáchtáil cruinnithe le linn 2012. Críochnaíodh athbhreithniú neamhspleách ar rialuithe inmheánacha airgeadais in Aibreán 2012. Cuireadh obair ar aghaidh chun beachtú a dhéanamh ar chlár sócmhainní seasta de réir dea-chleachtais agus mholtaí na hIniúchóireachta Inmheánaí.

D'fhaomh an tÚdarás leagan athbhreithnithe eile den Lámhleabhar Rialachais, lenar áiríodh beartas nua ar thuairisciú de mheon macánta, i 2012.

Ráitis airgeadais

De réir an Achta um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, d'ullmhaigh an tÚdarás cuntais airgeadais le haghaidh 2011 agus chuir sé isteach iad le go bhféadfaí an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh orthu. D'fhaomhadh na ráitis i Lúnasa 2012 agus cuireadh san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil 2012 iad; cuireadh an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire i Meán Fómhair 2012.

An Straitéis Acmhainní Daonna 2011-2013

I Straitéis Acmhainní Daonna 2011-2013 an Údarás Náisiúnta Míchumais leagtar amach na gníomhartha a chuirfear ar aghaidh, trí fheidhm AD na heagraíochta go príomha, chun acmhainn a fhorbairt agus cinntiú gur féidir an leas is mó a bhaint as seirbhísí chun cuspóirí an Phlean Straitéisigh a chomhlíonadh. I rith 2012 cuireadh raon gníomhartha ar aghaidh lenar áiríodh gníomhartha a bhain le hoiliúint a thabhairt, pleanáil oibre agus maoirseacht ar an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Clúdaíodh freisin cur i bhfeidhm leanúnach na ngníomhartha ar tugadh gealltanais ina leith i bPlean Gníomhaíochta Pháirc an Chrócaigh de chuid an NDA.

Beartas um bainistíocht freastail

Tar éis dul i gcomhairle le baill foirne, ceardchumainn agus comhpháirtithe, tabharfar beartas feabhsaithe um Bainistíocht Freastail chun críche i 2012. Eagraíodh socruithe um oiliúint bainisteoirí líne don bhliain seo chugainn chun tar-rolladh an bheartais nua a éascú.

Oiliúint agus forbairt

Is é an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta an mheicníocht lárnach a úsáidtear chun feidhmíocht ball foirne a mheasúnú, a bhainistiú agus a thacú de réir an chleachtais reatha sa tseirbhís phoiblí. Treoraíonn na riachtanais oiliúna a aithnítear plean oiliúna an NDA mar fhreagra ar riachtanais aonair agus réimsí a aithnítear um chlár oiliúna spriocdhírthe.

I rith 2012, cuireadh clár oiliúna ar fhorbairt ceannaireachta ar fáil do bhainisteoirí sinsearacha agus meánleibhéal de réir na n-inniúlachtaí a aithníodh chun feidhmíocht eagraíochta a fheabhsú. Ina theannta sin, tosaíodh oiliúint ar bhainistíocht líne le haghaidh gach bainisteoir líne i ndáil lena ról i mbainistíocht ball foirne agus i dtacú lena gcuid forbartha. I measc clár oiliúna sonrach eile chun feabhas a chur ar scileanna lárnacha don NDA bhí oiliúint ar úsáid Excel chun cabhrú le hanailís sonraí agus le tuarascálacha reachtúla a dhéanamh.

Chríochnaigh baill foirne an Údarás Náisiúnta Míchumais an modúl oiliúna ríomhfhoghlama ar fheasacht faoi mhíchumas do bhaill foirne san earnáil phoiblí. Bealach costéifeachtach é an oiliúint seo, de réir chlár oibre na hearnála poiblí um bunathrú chun feabhais, leis an eolas agus na scileanna a sholáthar chun feabhas a chur ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

Athbhreithniú ar an gcóras bainistíocht tionscadal

Mar chuid dá ghealltanas chun feabhais leanúnaigh rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais athbhreithniú inmheánach ar a Chóras Bainistíochta Tionscadal. Cuirfear roinnt moltaí ar aghaidh i 2013 chun feabhas a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a chuid oibre.

An Coiste Comhpháirtíochta

Bhí 6 chruinniú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais i 2012. Chuimsigh clár oibre an choiste athbhreithniú ar an gcaoi a raibh sé ag obair chun réimsí um feabhas a aithint. Thacaigh an Coiste le scéim phíolótach um moltaí foirne a fhorbairt áit a bhféadfadh baill foirne smaointe a chur ar aghaidh maidir le conas a d'fhéadfaí oibríochtaí a fheabhsú chun éifeachtúlachtaí a bhaint amach, lena n-áirítear coigiltis airgeadais áit is féidir agus sláinte agus sábháilteacht fheabhsaithe. Cuireadh naoi moladh isteach agus cháiligh ceithre cinn díobh le haghaidh dámhachtana, lena n-áiríodh éifeachtúlachtaí in am agus i gcostais riaracháin ó thaobh iompar poiblí a úsáid, agus iarratais saoire a phróiseáil.

Plean Straitéiseach 2013–2015

De réir an Achta um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999, chuir an tÚdarás isteach Dréachtphean Straitéiseach 2013-2015, a d'fhaomh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Ráitis Airgeadais 2012

Comhaltaí an Údaráis agus Faisnéis Eile

Ón 1 Eanáir – 31 Nollaig, 2012

Comhalta Údaráis	Líon na gCruinnithe Údaráis a Freastalaíodh Orthu le linn na tréimhse seo	Táillí	Speansais
An tUas. Peter Mc Kevitt, Cathaoirleach	10/10	€8,978	€209
An Dr. Tony Bates	4/7	€0	
Ms. Caroline Burrell	10/10	€5,985	€116
An tUas. Frank Cunneen	8/10	€5,985	
Ms. Tara Cunningham	8/10	€5,985	
Ms. Fiona Duignan	7/10	€0	
An tUas. David Joyce	8/10	€5,985	
An tUas. Des Kenny	9/10	€5,985	
Ms. Mary Lavelle	8/10	€5,985	
Ms. Joanne McCarthy	9/10	€5,985	
An tUas. James O'Grady	9/10	€5,985	€4,087
Ms. Linda Grealay	6/10	€0	
An tUas. Shane Hogan	10/10	€0	

Comhalta den	Líon na gcruinnithe den Choiste Iniúchta a	Táillí	Speansais
--------------	--	--------	-----------

Choiste Iniúchta	Freastalaíodh Orthu le linn na tréimhse seo		
An tUas. Donal Lawlor (Cathaoirleach an Choiste Iniúchta)	4/4	€2,565	

Stiúrthóir: Siobhan Barron

Aturnaetha: Mason Hayes and Curran
Teach an Bhruacha Theas
Sráid na Bearú
Baile Átha Cliath 2.

Baincéirí: Banc na hÉireann
104 Ragnallach
Baile Átha Cliath 6.

Iniúcháirí: An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2.

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar an 12 Meitheamh, 2000 faoi Alt 6 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999.

Feidhmeanna agus cumhachtaí an Údarás Náisiúnta Míchumais

Is í príomhfheidhm an Údarás Náisiúnta Míchumais ná comhairle a chur ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi shaincheistean beartais agus cleachtais i ndáil le míchumas.

I measc feidhmeanna áirithe an Údaráis faoi Alt 8 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999 tá:

- Gníomhú mar chomhlacht lárnach, náisiúnta a chabhróidh leis an Aire beartas a chomhordú agus a fhorbairt i ndáil le daoine faoi mhíchumas
- Tabhairt faoi thionscadail taighde agus ghníomhaíochtaí ar shaincheistean a bhaineann le míchumas, iad a choimisiúnú nó comhoibriú iontu agus cabhrú le heolas staitistiúil a fhorbairt atá oiriúnach do phleanáil, sheachadadh agus mhonatóireacht clár agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas
- Comhairle a chur ar an Aire faoi chaighdeáin oiriúnacha do chlár agus sheirbhísí arna soláthar nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas agus gníomhú mar chomhlacht comhairleach maidir le caighdeáin ghinearálta agus shonracha a fhorbairt i ndáil le clár agus seirbhísí den sórt sin
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm caighdeán agus cód cleachtais i gclár agus seirbhísí arna soláthar do dhaoine faoi mhíchumas agus tuairisc a thabhairt don Aire air sin
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí eile, idir comhlachtaí corparáideacha agus neamhchorpraithe, atá i mbun seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus forbairt agus cur i bhfeidhm caighdeán oiriúnach um chlár agus sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a éascú agus a thacú
- Cóid chleachtais a ullmhú agus é mar aidhm dea-chaighdeán agus cáilíocht a bhaint amach maidir le soláthar clár agus seirbhísí arna soláthar nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas.

- Baint amach dea-chaighdeán agus cáilíochta i soláthar clár agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a aithint, lena n-áirítear trí chóras gradam um chomhionannas míchumais
- Plean straitéiseach a ullmhú

I measc feidhmeanna breise an Údaráis faoin Acht Míchumais 2005 tá:

- Cóid chleachtais maidir le hinrochtaineacht foirgneamh poiblí, seirbhísí, eolais agus suíomhanna oidhreachta agus maidir le fostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí ar iarratas an Aire (Cuid 3)
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh spriocanna reachtúla um earcú agus fostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí, gníomhartha a mholadh le glacadh áit nach bhfuil na spriocanna sin á gcomhlíonadh, agus cóid chleachtais a ullmhú áit a n-iarrtar sin (Cuid 5)
- Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch sa timpeallacht thógtha agus i dteicneolaíocht na faisnéise a bhunú a dhéanfaidh cur chun cinn ar phrionsabail an dearaidh uilíoch ar féidir le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil orthu agus iad a thuiscint agus a úsáid an oiread is féidir:
 - ar an mbealach is neamhspleáiche agus is nádúrtha
 - sa raon suíomhanna is leithne is féidir
 - gan ghá le cur in oiriúint, leasú, fearais chúnta réiteach speisialaithe (Cuid 6)

Cumhachtaí reachtúla

Chun a chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh tá cumhachtaí reachtúla áirithe ag an Údarás faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999:

- Tá an ceart ag an Údarás chun rochtana ar fhaisnéis (sonraí san áireamh) atá ábhartha dá chuid feidhmeanna agus atá i seilbh comhlachtaí poiblí (Alt 13)
- Féadann an tÚdarás faisnéis a lorg faoi ábhar ar bith a bhaineann le soláthar clár nó seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a chuirtear ar fáil trí dhualgas reachtúil agus atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach ag an bpobal (Alt 14)
- Déanann an tÚdarás moltaí um athbhreithniú, laghdú nó astarraingt airgead arna sholáthar ag an Oireachtas le haghaidh aon chláir nó seirbhíse áit a gcreideann sé go bhfuil sé á chur ar fáil ar bhealach

neamhleor nó míshásúil nó nach bhfuil sé á chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas (Alt 15(4))

Déanann an tÚdarás tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha eile don Aire i dtaobh a chuid feidhmeanna (Alt 15).

Ráiteas faoi fhreagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Ceanglaítear ar an Údarás trí hAlt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999 ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliana airgeadais a thugann léargas fírinneach agus cothrom ar chúrsaí an Údaráis agus a chuid ioncaim agus caiteachais don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú ceanglaítear ar an Údarás:

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus chríonna a dhéanamh;
- Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme a chomhlíonadh faoi réir aon nochtuithe ábhartha arna nochtadh nó arna míniú sna Ráitis Airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach má tá sé mí-oiriúnach ceapadh nach leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar aghaidh.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chearta chuntasaíochta a choimeád, a nochtann le cruinneas réasúnta uair ar bith staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais an tAcht. Tá sé freagrach freisin as sócmhainní an Údarás Náisiúnta Míchumais a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Údaráis

- Cathaoirleach: Peter McKevitt
- Stiúrthóir: Siobhán Barron

Dáta: 10 Meán Fómhair

Ráitis Airgeadais 2012

Comhaltaí an Údaráis agus Faisnéis Eile

Ón 1 Eanáir – 31 Nollaig, 2012

Comhalta Údaráis	Líon na gCruinnithe Údaráis a Freastalaíodh Orthu le linn na tréimhse seo	Táillí	Speansais
An tUas. Peter Mc Kevitt, Cathaoirleach	10/10	€8,978	€209
An Dr. Tony Bates	4/7	€0	
Ms. Caroline Burrell	10/10	€5,985	€116
An tUas. Frank Cunneen	8/10	€5,985	
Ms. Tara Cunningham	8/10	€5,985	
Ms. Fiona Duignan	7/10	€0	
An tUas. David Joyce	8/10	€5,985	
An tUas. Des Kenny	9/10	€5,985	
Ms. Mary Lavelle	8/10	€5,985	
Ms. Joanne McCarthy	9/10	€5,985	
An tUas. James O'Grady	9/10	€5,985	€4,087
Ms. Linda Grealay	6/10	€0	
An tUas. Shane Hogan	10/10	€0	

Comhalta den	Líon na gcruinnithe den Choiste Iniúchta a	Táillí	Speansais
--------------	--	--------	-----------

Choiste Iniúchta	Freastalaíodh Orthu le linn na tréimhse seo		
An tUas. Donal Lawlor (Cathaoirleach an Choiste Iniúchta)	4/4	€2,565	

Stiúrthóir: Siobhan Barron

Aturnaetha: Mason Hayes and Curran
Teach an Bhruacha Theas
Sráid na Bearú
Baile Átha Cliath 2.

Baincéirí: Banc na hÉireann
104 Ragnallach
Baile Átha Cliath 6.

Iniúcháirí: An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2.

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar an 12 Meitheamh, 2000 faoi Alt 6 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999.

Feidhmeanna agus cumhachtaí an NDA

Is í príomhfheidhm an NDA ná comhairle a chur ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi shaincheistean beartais agus cleachtais i ndáil le míchumas.

I measc fheidhmeanna áirithe an Údaráis faoi Alt 8 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999 tá:

- Gníomhú mar chomhlacht lárnach, náisiúnta a chabhróidh leis an Aire beartas a chomhordú agus a fhorbairt i ndáil le daoine faoi mhíchumas
- Tabhairt faoi thionscadail taighde agus ghníomhaíochtaí ar shaincheistean a bhaineann le míchumas, iad a choimisiúnú nó comhoibriú iontu agus cabhrú le heolas staitistiúil a fhorbairt atá oiriúnach do phleanáil, sheachadadh agus mhonatóireacht clár agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas
- Comhairle a chur ar an Aire faoi chaighdeán oiriúnacha do chlár agus sheirbhísí arna soláthar nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas agus gníomhú mar chomhlacht comhairleach maidir le caighdeán ghinearálta agus shonracha a fhorbairt i ndáil le clár agus seirbhísí den sórt sin
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm caighdeán agus cód cleachtais i gclár agus seirbhísí arna soláthar do dhaoine faoi mhíchumas agus tuairisc a thabhairt don Aire air sin
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí eile, idir comhlachtaí corparáideacha agus neamhchorpraithe, atá i mbun seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus forbairt agus cur i bhfeidhm caighdeán oiriúnach um chlár agus sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a éascú agus a thacú
- Cóid chleachtais a ullmhú agus é mar aidhm dea-chaighdeán agus cáilíocht a bhaint amach maidir le soláthar clár agus seirbhísí arna soláthar nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas.
- Baint amach dea-chaighdeán agus cáilíochta i soláthar clár agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a aithint, lena n-áirítear trí chóras gradam um chomhionannas míchumais
- Plean straitéiseach a ullmhú

I measc fheidhmeanna breise an Údaráis faoin Acht Míchumais 2005 tá:

- Cóid chleachtais maidir le hinrochtaineacht foirgneamh poiblí, seirbhísí, eolais agus suíomhanna oidhreacht agus maidir le fostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí ar iarratas an Aire (Cuid 3)
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh spriocanna reachtúla um earcú agus fostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí, gníomhartha a mholadh le glacadh áit nach bhfuil na spriocanna sin á gcomhlíonadh, agus cóid chleachtais a ullmhú áit a n-iarrtar sin (Cuid 5)
- Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch sa timpeallacht thógtha agus i dteicneolaíocht na faisnéise a bhunú a dhéanfaidh cur chun cinn ar phrionsabail an dearaidh uilíoch ar féidir le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil orthu agus iad a thuiscint agus a úsáid an oiread is féidir:
 - ar an mbealach is neamhspleáiche agus is nádúrtha
 - sa raon suíomhanna is leithne is féidir
 - gan ghá le cur in oiriúint, leasú, fearais chúnta réiteach speisialaithe (Cuid 6)

Cumhachtaí Reachtúla

Chun a chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh tá cumhachtaí reachtúla áirithe ag an Údarás faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999:

- Tá an ceart ag an Údarás chun rochtana ar fhaisnéis (sonraí san áireamh) atá ábhartha dá chuid feidhmeanna agus atá i seilbh comhlachtaí poiblí (Alt 13)
- Féadfaidh an tÚdarás faisnéis a lorg faoi ábhar ar bith a bhaineann le soláthar clár nó seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a chuirtear ar fáil trí dhualgas reachtúil agus atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach ag an bpobal (Alt 14)
- Déanann an tÚdarás moltaí um athbhreithniú, laghdú nó astarraingt airgead arna sholáthar ag an Oireachtas le haghaidh aon chláir nó seirbhíse áit a gcreideann sé go bhfuil sé á chur ar fáil ar bhealach neamhleor nó míshásúil nó nach bhfuil sé á chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas (Alt 15(4))

Déanann an tÚdarás tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha eile don Aire i dtaobh a chuid feidhmeanna (Alt 15).

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Ceanglaítear ar an Údarás trí hAlt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999 ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliana airgeadais a thugann léargas fírinneach agus cothrom ar chúrsaí an Údaráis agus a chuid ioncaim agus caiteachais don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú ceanglaítear ar an Údarás:

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus chríonna a dhéanamh;
- Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme a chomhlíonadh faoi réir aon nochtuithe ábhartha arna nochtadh nó arna míniú sna Ráitis Airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach má tá sé mí-oiriúnach ceapadh nach leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar aghaidh.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chearta chuntasaíochta a choimeád, a nochtann le cruinneas réasúnta uair ar bith staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais an tAcht. Tá sé freagrach freisin as sócmhainní an Údarás Náisiúnta Míchumais a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Údaráis

Cathaoirleach

Peter McKevitt

Stiúrthóir

Siobhan Barron

Dáta

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012

Thar ceann Bhord an Údarás Náisiúnta Míchumais, admhaím go bhfuilimid freagrach as cinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach de rialuithe inmheánacha airgeadais.

Ní fhéadann na córais ach dearbhú réasúnta a sholáthar nach dearbhú iomlán é go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí go tráthúil iad.

Ghlac an tÚdarás céimeanna chun cinntiú go bhfuil timpeallacht oiriúnach rialaithe i bhfeidhm trí:

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna éagsúla coiste chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus a cuid sócmhainní a chosaint
- Freagrachtaí agus cumhachtaí na bainistíochta a shainiú go soiléir agus a thaifeadadh
- Cultúr láidir freagrúlachta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht.

Freisin tá próisis bunaithe ag an Údarás chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú. Baintear é sin amach ar roinnt bealaí lena n-áirítear

- Nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá os comhair an Údarás Náisiúnta Míchumais a aithint
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtiocfaidh rioscaí chun cinn. D'ullmhaigh an NDA clár rioscaí lena n-áirítear rioscaí straitéiseacha, oibriúcháin, rioscaí maidir le teicneolaíocht na faisnéise, maidir le hairgeadas agus maidir le clú / comhlíonadh. Ina theannta sin déantar anailís riosca nuair atá tionscadail á bpleanáil agus nuair atá measadh scóip á dhéanamh orthu
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Údarás Náisiúnta Míchumas chun na rioscaí a thagann chun cinn a láimhseáil agus a mhaolú
- Oibriú i ndlúthpháirt leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí agus le hinstiitúidí éagsúla chun cinntiú go dtuigtear go soiléir cuspóirí an Údarás Náisiúnta Míchumas agus go dtugtar tacaíocht do straitéisí an Údaráis chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh

- Athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar phleananna straitéiseacha, idir pleananna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis na pleananna sin a thabhairt chun críche
- Spriocanna bliantúla agus níos fadtéarmaí a shocrú le haghaidh gach réimse dár ngnó agus tuairisciú rialta a dhéanamh ina dhiaidh sin ar na torthaí a baineadh amach
- Nósanna imeachta caighdeánacha agus forálacha fairsinge a bhunú agus a chur i bhfeidhm faoinar féidir cúnamh airgeadais a chur ar fáil do thionscadail lena n-áirítear forálacha áit a n-éilítear aisíocaíocht mura gcomhlíonann an tionscadal na tiomantais a rinne an tionscnóir

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, de nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas um tharmligean agus fhreagrúlacht. Áirítear leis ach go háirithe:

- Córas buiséid cuimsitheach le tuarascáil bhliantúil a ndéanann an t-Údarás athbhreithniú air agus a n-aontaíonn sé leis
- Athbhreithnithe rialta ag an Údarás ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a chomharthaíonn feidhmíocht airgeadais de réir réamhaisnéisí
- Spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- Treoirínte atá sainithe go soiléir um rialú infheistíochta caipitiúla
- Disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail

Sheachfhoinsigh an tÚdarás Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh, a oibríonn de réir an Chreatchód Dea-chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais Athbhreithnithe ar Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009. I rith 2012 ba í an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a chuir an tSeirbhís Iniúchta Inmheánaigh ar fáil. Tugann an tSeirbhís Iniúchta Inmheánaigh tuairisc rialta don Choiste Iniúchta. Le linn na bliana reatha, tá tuarascáil críochnaithe ag Iniúchadh Inmheánach i réimse na Sócmhainní Seasta. Níor aithníodh aon saincheistean móra sa tuarascáil.

Tá an tÚdarás freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mholtaí an tSeirbhís Iniúchta Inmheánaigh chun cinntiú go gcoimeádtar nósanna imeachta cearta agus éifeachtacha um rialú airgeadais agus déanann sé maoirseacht ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh agus aon phleananna bainteacha chun aon réimsí nua a aithníodh a chur san áireamh.

Tá maoirseacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais treoraithe ag na gnéithe seo a leanas:

- obair an tSeirbhís Iniúchta Inmheánaigh agus ról an Choiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúcháir Inmheánaigh agus an timpeallacht rialachais chorpáidigh
- na bainisteoirí feidhmiúcháin leis an Údarás Náisiúnta Míchumais atá freagrach as an gcreat um rialú airgeadais a fhorbairt agus a choimeád
- an coiste Airgeadais a thugann tuairisc gach ráithe ar a laghad ar chaiteachas airgeadais agus shaincheisteanna bainteacha agus
- na saincheisteanna a ardaíonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Dearbhaím go ndearna an tÚdarás athbhreithniú foirmiúil ar éifeachtacht na gcóras um rialuithe inmheánacha airgeadais i 2012.

Dearbhaím, ar feadh m'eolais go bhfuil an fhaisnéis thuas cruinn.

Peter Mc Kevitt

Cathaoirleach

Dáta

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údarás Náisiúnta Míchumais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 faoi Acht an Údarás Náisiúnta Míchumais 1999. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasáochta atá leagtha amach iontu, an ráiteas faoi pholasaithe cuntasáochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas faoi iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí bainteacha. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá sainordaithe de réir Alt 17 den Acht, agus de réir an chleachtais chuntasáochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as cinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar ghnóthaí an Údarás Náisiúnta Míchumais agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais, agus as rialtacht idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é mo chúram ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí fhéachaint chuig na comaoiní speisialta a ghabhann le Comhlachtaí Stáit maidir le bainistíocht agus oibriú na gcomhlachtaí céanna.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An RA agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná dóthain fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais, chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadas saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Mar chuid den iarracht sin déantar measúnú maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

- cibé acu an bhfuil na polasaithe oiriúnach do chúinsí an Údaráis, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhréireach iad agus ar nochtadh go dóthanach iad.
- cibé acu an raibh nó nach raibh na meastacháin a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú réasúnta
- leagan amach iomlán na ráiteas airgeadais

Freisin déanaim iarracht fianaise a fháil le linn an iniúchta maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil an Údaráis chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thagaim ar an eolas go bhfuil aon mhírítis nó neamhréireachtaí ábhartha soiléire i gceist déanaim machnamh ar na himpleachtaí le haghaidh mo thuarascála.

Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim ná go dtugann na ráitis airgeadais, ar ullmhaíodh i gceart iad de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn, léargas fírinneach cóir ar staid cúrsaí an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2012 agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh 2012.

Is é mo thuairim ná gur choimeád an tÚdarás leabhair chearta chuntais. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Ábhair a ndéanaim Tuairisc Orthu trí hEisceacht

Tugaim tuairisc trí heisceacht más amhlaidh

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara le linn m'iniúchta aon tarlúint ábhartha áit nár baineadh úsáid as airgead le haghaidh na gcuspóirí beartaithe nó áit nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis arna rialú, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil an Údarás Náisiúnta Míchumais i gcomhréir leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an tÚdarás ag comhlíonadh an Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit,
- Go bhfaighim go bhfuil ábhair ábhartha eile i gceist maidir leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na hábhair úd a ndéantar tuairisciú orthu trí heisceacht

Patricia Sheehan

Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

07 Meán Fómhair 2013

Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta

Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais agus úsáid á baint as modh fabhráithe na cuntasaíochta, ach amháin áit a bhfuil sé sonraithe thíos agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leis faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Glactar leis na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasáíochta aitheanta de réir mar a thagann siad chun a bheith oibríochtúil.

Ioncam ó Dheontais Oireachtais

Is ionann an t-ioncam ón bhfoinse seo agus na méideanna a chuireann na ranna urraitheacha ar fáil don NDA trí híocaíocht dhíreach tuarastal agus costas eile.

Sócmhainní Seasta agus Dímhneas

Taispeántar Sócmhainní Seasta ag an gcostas nó luacháil tosaigh lúide dímhneas carntha.

Déantar soláthar do dhímhneas ag na rátaí bliantúla seo a leanas:

- Troscán agus Trealamh Oifige: 20.00 % (Líne Dhíreach)
- Crua-earraí agus Bogearraí Ríomhaire: 33.33 % (Líne Dhíreach)
- Áitreabh: 2.50 % (Bonn Comhordaithe Laghdaithigh)

Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil méid an ioncaim gan amúchadh a leithdháiltear chun sócmhainní seasta a cheannach.

Pinsin

Oibríonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais scéim pinsean sochar sainithe a dhéantar a chistiú gach bliain ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil di, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail fhoirne.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin arna dtuilleamh ag fostaithe le linn na tréimhse agus taispeántar glan ó ranníocaíochtaí pinsean foirne iad a choimeádann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid is atá sé inaisghabhála, agus déantar é a chúiteamh ag deontais arna bhfáil le linn na bliana chun íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha ag eascairt ó dhliteanais scéime sa Ráiteas faoi lomlán na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta agus aithnítear leasú comhfhreagrach sa mhéid atá inaisghabhála ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Tá dliteanais phinsin in ionannas le luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin don todhchaí atá tuillte ag baill foirne anuas go dtí seo. Tá cistiú pinsin

iarchurtha in ionannas leis an tsócmhainn chomhfhreagrach le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012	2011
Ioncam			
		€	€
Ioncam deontais	2(a)	3,770,470	4,170,382
Glanchistiú larchurtha le haghaidh Pinsean	10(b)	830,000	860,000
Ioncam Eile	2(b)	20,048	18,870
		4,620,518	5,049,252
Aistriú chuig / (ó) Cuntas Caipitil	8	83,924	84,099
Iomlán an ioncaim		4,704,442	5,133,351
Caiteachas			
Tionscadail agus obair Choimisiúnaithe	3	650,418	968,216
Costais Fhorbartha, Tacaíochta agus Riaracháin			
Párolla	4	2,004,919	2,099,230
Costais Phinsin	10(c)	1,255,877	1,312,002
Costais Riaracháin	5	569,312	677,175
Dímheas	7	79,681	93,334
		3,909,789	4,181,741
Iomlán an Chaiteachais		4,560,207	5,149,957
Barrachas / Easnamh don bhliain		144,235	(16,606)
Barrachas (Easnamh) Coimeádta ar an 1 Eanáir		29,413	46,019
Barrachas/ (Easnamh) Coimeádta ar an 31 Nollaig		173,648	29,413
Ráiteas faoi Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta			
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		144,235	(16,606)
(Gnóthachan) / Caillteanas Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin	10(e)	(1,030,000)	(1,260,000)
Leasú ar Chistiú Pinsin larchurtha		1,030,000	1,260,000
Iomlán na nGnóthachan / (na gCaillteanas) aitheanta don bhliain		144,235	(16,606)

Baineann na torthaí don bhliain le hoibríochtaí leantacha.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasáíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nóta 1 go 16 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

Sínithe:

Peter McKevitt

Cathaoirleach

Sínithe:

Frank Cuneen
Comhalta Údaráis

Sínithe:

Siobhán Barron
Director

Dáta:

14 Lúnasa 2013

Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012	2011
		€	€
Sócmhainní Seasta	7	2,943,942	3,027,866
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	12	204,370	151,608
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	9(b)	8,360	114
		212,730	151,722
Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	11	39,082	122,309
		39,082	122,309
Glansócmhainní Reatha		173,648	29,413
Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha Roimh Phinsin		3,117,590	3,057,279
Sócmhainn Cistithe larchurtha le haghaidh Pinsean	10(d)	(16,500,000)	(16,700,000)
Dliteanais Phinsin	10(e)	16,500,000	16,700,000
		3,117,590	3,057,279
Léirithe Ag:			
Cuntas Caipitil	8	2,943,942	3,027,866
Barrachas / (Easnamh) Coimeádta ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais		173,648	29,413
		3,117,590	3,057,279

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus Nótaí 1 go 16 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Sínithe:

Peter McKevitt
Cathaoirleach

Sínithe:

Frank Cuneen
Comhalta Údaráis

Sínithe:

Siobhán Barron
Stiúrthóir

Dáta:

14 Lúnasa 2013

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012	2011
		€	€
Eis-sreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	9a	9,674	9,048
Tuairisceáin ar Infheistíochtaí agus ar Fhónamh a Dhéanamh ar Airgeadas			
Ús Faighte		0	0
Insreabhadh Glan Airgid ó Thuairisceáin ar Infheistíochtaí agus ó Fhónamh a Dhéanamh ar Airgeadas		0	0
Gníomhaíochtaí Infheistithe			
Ceannach Sócmhainní Seasta	7	(1,428)	(9,235)
Fáltais ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		0	0
Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistithe		(1,428)	(9,235)
Méadú/(Laghdú) ar Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		8,246	(187)

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nóta 1 go 16 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Sínithe:

Peter McKevitt
Cathaoirleach

Sínithe:

Frank Cuneen
Comhalta Údaráis

Sínithe:

Siobhán Barron
Stiúrthóir

Dáta:

14 Lúnasa 2013

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2012

1. Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais seo an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012

2. Ioncam

	2012	2011
	€	€
2 (a) Ioncam Deontais		
Méid Iomlán íoctha ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais thar ceann an NDA	3,770,470	3,334,862
Méid Iomlán íoctha ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta thar ceann an NDA	0	835,520
	3,770,470	4,170,382
2 (b) Ioncam Eile		
Ús Bainc	0	0
Fáltais ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	7,037	18,440
Éagsúil	13,011	430
	20,048	18,870

3. Tionscadail agus Obair Choimisiúnaithe

	2012	2011
	€	€
Staidéar Indéantachta ar Leithdháileadh Acmhainní	38,647	25,227
Anailís ar an Suirbhé Náisiúnta ar Mhíchumas	35,613	0
Comhdháil Bhliantúil	29,430	24,185
Treoir staitistiúil/tacair sonraí Irish Size	28,557	56,187
Acmhainn Airgeadais	27,350	0
Íocaíochtaí Díreacha	25,648	0
RÍOMHFHOGHLAIM	25,478	81,663
Tionscadal maidir le hEolaíocht agus Gníomhú agus a nascann leis an mBliain Eorpach um Aosú Gníomhach agus Baile Átha Cliath mar Phríomhchathair Eolaíochta na hEorpa i 2012 (N)	25,439	0
Teileashláinte/Teileachúram	24,581	0
Moltaí Taighde agus Treoir Deartha um Néaltrú	24,395	0
Eolaí Crosmhapála ICF don ISO	24,231	0
Curaclam DU um dhaltaí atá á n-aistriú	23,598	36,755
Tionscadal le DCC chun cur chuige DU sa dearadh uilíoch a threorú (tairiscint)	22,222	10,930
Taithí saoil daoine a úsáideann an t-idirlíon	22,158	0
Measúnú I	20,785	0
Leanann tionscadal chun modúil churaclaim a fhorbairt le haghaidh 3ú leibhéal ar aghaidh ó 2011 le tar-rolladh an churaclaim i mBealtaine 2012. Measúnú agus comhairle faoi na chéad chéimeanna eile (C)	20,588	0
Teicneolaíocht Chuiditheach	19,486	43,869
Liúntas Cúram Baile	19,000	0
Leabharlann	18,517	45,222
Taighde ar Sheirbhísí Sláinte Inrochtana	17,692	31,805
Athdhearadh an Láithreán Greásáin	16,642	0
Taighde See Change	15,700	0
Foireann Acmhainní DU le haghaidh Swift 9	12,995	0
Forbairt treoracha sonracha ar Thithe Fadsaoil (tairiscint)	12,956	12,745

Forbairt treoirlínte DU i dtimpeallacht uirbeach champas 3ú leibhéal (tairiscint)	12,915	0
Your Voice Your Choice	12,370	0
Seimineár ar Choinbhinsiún na NA	9,590	0
Críochnú Tógáil do Chách-Cur chuige Dearaidh Uilíoch	9,581	84,027
Seimineár ar an Tuarascáil Dhomhanda ar Mhíchumas	9,406	1,900
Comhdháil Oifigeach Rochtana	8,992	0
Caighdeáin DU ag eascairt ó obair leantach le NSAI srl	7,878	471
Forbairt Phlean Straitéiseach 2013-2015	7,203	0
Caighdeáin NSAI le haghaidh seirbhísí	6,000	6,001
Tacaí Pobail Nádúrtha	5,858	0
An Scéim um Chur Chun Cinn na Taighde	5,007	79,732
Suirbhé ar Dhearcaí	4,230	42,961
Seimineáir & ceardlanna chun leanúint ar aghaidh ag déanamh DU a chur chun cinn do pháirtithe leasmhara ábhartha (N)	3,557	0
Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais	3,076	4,790
Nuachtlitir Newsweaver	2,177	0
Dúshlán Deartha 2011	1,869	0
Tuarascáil Bhliantúil	1,692	1,639
Rúnaíocht ar an DSG	1,629	0
Cód Cleachtais Oidhreacht	1,612	7,944
Treoirlínte um Scoileanna Inrochtana	1,218	0
Seimineáir Fhostaíochta	1,032	701
Seimineár Spóirt	1,028	0
Teilifís Trastíre Dhigiteach	861	20,500
Gradaim Ríomhsheirbhísí an Rialtais	720	0
Tionscadal BAI NDA	246	0
Cruinniú Comhchéime ar Theanga Chomharthaíochta	232	0
Forbairt mhodúil churaclaim DU i 3 réimse	97	24,704
Taighde ar aosú	(360)	0
Measúnú 2	(4,230)	0
Cur chun cinn an fhoireann acmhainní ríomhrochtana UN G3ICT	(7,923)	0
Árachas Sláinte Uilechoiteann	(8,853)	0
Tacaí Pobail Nádúrtha	0	101,695

Páipéar Staid Fianaise	0	81,761
IRCSET	0	39,125
Táscairí Míchumais	0	24,853
Inrochtaineacht an Idirlín	0	24,502
Dúshlán 24 uair an chloig	0	17,053
Leabhar ar Mhíchumas	0	7,321
Athbhreithniú ar an Lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh	0	4,800
An Gradam um Feabhas trí Inrochtaineacht & an Scéim Mhonatóireachta	0	4,252
Scoláireachtaí Taighde	0	4,087
Pleanáil Straitéiseach	0	3,328
Treoiríníte ar Choimeád Post (Le Dearbhú)	0	3,291
Taisteal Cainteoirí Ilghnéitheacha	0	2,894
Monatóireacht ar Chur i bhFeidhm na gCód Cleachtais ar Sheirbhísí Poiblí Inrochtana	0	2,054
Ríomh-nuachtlitir	0	1,258
Cuid 5 An tAcht Míchumais – Tuarascáil Reachtúil	0	685
Mandáit 376	0	657
Seimineár ar Choimisiúnú	0	553
Paca Acmhainní Míchumais Inrochtana	0	89
	650,418	968,216

4. Costais Phárolla

	2012	2011
	€	€
Pá Foirne NDA	2,003,001	2,097,591
Baill Foirne na Gníomhaireachta	1,918	1,639
	2,004,919	2,099,230

Ba é meánlíon na mball foirne a bhí fostaithe ag an Údarás sa bhliain ná 33 (2011: 32.5)

Luach Saothair an Stiúrthóra

D'íocadh tuarastal de €97,301 leis an Stiúrthóir i 2012 (2011: €99,236) ar Scála Príomhoifigeach na Státseirbhíse. Ní dhearnadh aon íocaíocht eile de nádúr pá leis an Stiúrthóir sa bhliain sin. Tá an Stiúrthóir ina comhalta de scéim sochar sainithe neamhchistithe de chuid na hearnála poiblí agus ní shíneann a cuid teidlíochtaí thar na teidlíochtaí caighdeánacha a bhíonn ar fáil do scéim den sórt sin.

5. Costais Riaracháin

	Nótaí	2012	2011
		€	€
Taisteal		19,347	28,001
Oiliúint		25,760	23,729
Táillí Comhdhála / Seimineáir		7,191	5,022
Táillí & Speansais an Údaráis	6	65,502	85,721
Táille Iniúchta		14,620	17,240
Ús / Muirir Bhainc		328	585
Bialann/béilí		12,256	59,563
Glanadh / Tí		53,786	56,522
Bogearraí Ríomhaire Neamhchaipitiúil		4,203	11,211
Soláthairtí ríomhaire		1,198	2,107
Táillí comhairleachta		1,491	4,341
Teachtairí		2,582	1,753
Gás / leictreachas		45,786	39,002
Sláinte & Sábháilteacht		2,291	1,503
Árachas		11,366	14,380
Tacaíocht TF		109,830	80,483
Ús as Íocaíocht Dheireanach		8	66
Táillí DLÍ/Gairmiúla		7,258	12,876
Cothabháil		30,121	65,164
Troscán/trealamh oifige			
Neamhchaipitiúil		412	976
Soláthairtí oifige		414	8,182
Post agus Teileafóin		23,815	24,806
Priontáil / fótachóipeáil		23,775	20,362
Bainistíocht Priontála		0	2,189
Foilseacháin / Tréimhseacháin		1,696	60
Rátaí		68,839	70,031
Earcaíocht		5,651	0
Uirill		433	112
Slándáil		15,458	17,531
Síntiúis / Tabhartais		4,260	21,857
Ilghnéitheach		785	-488
Aistritheoirí / Ateangairí		1,327	181
Cothabháil Teileafón		1,852	2,107
Athaicmiú sócmhainní seasta		5,671	0
		569,312	677,175

6. Táillí agus Speansais an Údaráis

D'íocadh caiteachas de €59,423 (€73,317 i 2011) i dtaobh Tháillí an Údaráis.

Comhalta Údaráis	Táillí	Speansais a d'íocadh leis/léi nó thar a c(h)eann	Iomlán
Peter McKevitt	€8,978	€209	
Caroline Burrell	€5,985	€116	
Desmond Kenny	€5,985		
Fiona Duignan	€0		
Joanne McCarthy	€5,985		
Mary Lavelle	€5,985		
Tara Cunningham	€5,985		
Tony Bates	€0		
Frank Cunneen	€5,985		
David Joyce	€5,985		
James O'Grady	€5,985	€4,087	
Linda Greal	€0		
Shane Hogan	€0		
Fo-iomlán	€56,858	€4,412	
Comhalta Neamhúdaráis:			
Donal Lawlor (Cathaoirleach an Choiste Iniúchta)	€2,565		
Iomlán	€59,423	€4,412	€63,835
ÁSPC Fostóra le haghaidh an Údaráis			€276
Speansais Eile			€1,391
			€65,502

Rinneadh íocaíochtaí leis na Coimisinéirí Ioncaim i dtaobh ÁSPC ar tháillí arna íoc le comhaltaí an údaráis. Chuaigh an NDA i gcomhairle leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis na híocaíochtaí sin agus shoiléirigh na

Coimisinéirí nárbh ceart ÁSPC a íoc ar tháillí chomhaltaí an údaráis.
Aontaíodh go n-aisíocfaí an méid a d'íocadh leis na Coimisinéirí loncaim.

7. Sócmhainní Seasta

	Crua-earraí agus Bogearraí Ríomhaire	Troscán agus Trealamh Oifige	Áitreabh	Iomlán
	€	€	€	€
Costas nó Luacháil				
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2012	400,534	313,710	3,941,086	4,655,330
Sócmhainní Breise ag Costas	1,428	0	0	1,428
Athaicmiú Sócmhainní	9,816	(204,581)	47,518	(147,247)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2012	411,778	109,129	3,988,604	4,509,511
Dímheas Carntha				
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2012	393,314	308,506	925,644	1,627,464
Muirearaithe le linn na bliana	3,725	570	75,386	79,681
Athaicmiú sócmhainní	11,845	(200,939)	47,518	(141,576)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2012	408,884	108,137	1,048,548	1,565,569
Glanluach Leabhair - 31 Nollaig 2012	2,894	992	2,940,056	2,943,942
Glanluach Leabhair - 31 Nollaig 2011	7,220	5,204	3,015,442	3,027,866

Le linn na bliana rinne an tÚdarás socrú chun tabhairt faoi obair le clár cuimsitheach sócmhainní seasta a chinntiú, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar dhifríochtaí stairiúla idir na sócmhainní seasta de réir na ráiteas airgeadais agus an chlár sócmhainní seasta. Tá an clár réitithe go hiomlán anois. Mar thoradh ar an gcleachtas rinneadh roinnt sócmhainní a athaicmiú agus rinneadh roinnt trealamh a bhí imithe as feidhm a dhíscríobh. Ba í an éifeacht fhoriomlán ná muirear breise de €5,671.

Oibríonn an Bord gnó óna áitreabh ar 25 Bóthar Bóthar Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, a bhfuil sé ina úinéir air. Níl an Bord ina úinéir ar aon réadmhaoin eile agus ní léasaíonn sé aon réadmhaoin.

8. Cuntas Caipitil

	Nótaí	2012	2011
		€	€
Iarmhéid ar an 1 Eanáir		3,027,866	3,111,965
Aistriú (chuig) / ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais			
Ioncam curtha i bhfeidhm chun sócmhainní seasta a cheannach	7	1,428	9,235
Amúchta le linn na bliana de réir dhímheas sócmhainní	7	(79,681)	(93,334)
Athaicmiú Sócmhainní Seasta	7	(5,671)	0
		(83,924)	(84,099)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig		2,943,942	3,027,866

9. Réiteach Shreabhadh Airgid

	2012	2011
	€	€
9 (a) Réiteach an Easnamh don Bhliain le Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas / (Easnamh) don tréimhse	144,235	(16,606)
Leasú le haghaidh míreanna neamhoibriúcháin		
Ús Infhaighte	0	0
Gluaiseacht ar Chuntas Caipitil	(83,924)	(84,099)
Leasú le haghaidh míreanna neamhairgid		
Dímheas	79,681	93,334
Athaicmiú Sócmhainní Seasta	5,671	0
Athrú ar Fhéichiúnaithe	(52,762)	(58,609)
Athrú ar Chreidiúnaithe	(83,227)	75,028
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	9,674	9,048
9(b) Réiteach Shreabhadh Airgid le Gluaiseacht i nGlanhistí		
Glanhistí ar an 31 Nollaig 2011	114	301
Méadú / (Laghdú) ar Airgead	8,246	(187)
Glanhistí ar an 31 Nollaig 2012	8,360	114

10. Aoisliúntas

Faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999, déanfaidh an tÚdarás le faomhadh an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne, lena n-áirítear Stiúrthóir an Údaráis, nó i dtaobh na mball foirne sin.

Tá Samhailscéim dréachtaithe agus tá sí ar feitheamh faofa ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Oibríonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais scéimeanna sochar sainithe neamhchistithe nó scéimeanna aoisliúntais le haghaidh ball foirne. Íoctar teidlíochtaí a eascraíonn faoi na scéimeanna as ioncam reatha agus déantar iad a mhuirearú ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, glan ó ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaí, sa bhliain ina dtagann siad chun bheith iníoctha.

Is amhlaidh i láthair na huaire go bhfaigheann baill foirne a bhí ina gcomhaltaí den Bhord Náisiúnta Athshlánúcháin (NRB) agus a théann ar scor, sochair Aoisliúntais faoi théarmaí Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil. Maidir le baill foirne a bhí fostaíthe ag an NDA tar éis a bhunaithe agus a théann ar scor, faigheann siad sochair scoir de réir théarmaí Scéim Aoisliúntais na nGníomhaireachtaí Sláinte Ainmnithe.

(a) Scéim Pinsean

Tá na torthaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar dhliteanais i dtaobh na mball foirne seirbheála, scortha agus éagtha de chuid an NDA amháil an 31 Nollaig 2012. Rinneadh an luacháil sin ag achtúire neamhspleách cáilithe chun críocha an chaighdeáin chuntasaíochta, Caighdeán Uimh. 17 um Thuairisciú Airgeadais (FRS 17).

Rinneadh an luacháil agus úsáid á baint as modh na n-aonad réamh-mheasta. Seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scéime a ríomh:

	2012	2011
Ráta Lascaine	5.5%	5.5%
Toimhde maidir le méadú ar thuarastail	4%	4%
Toimhde maidir le méadú ar phinsin	4%	4%
Boilsciú praghsanna	2%	2%

Toisc go bhfuil na scéimeanna NDA neamhchistithe, ní choimeádtar aon sócmhainní i dtaobh dliteanas pinsean carntha de chuid bhaill foirne an NDA.

(b) Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Pinsean i gCaitheamh na Bliana

	2012	2011
	€	€
Cistiú inaisghabhála i dtaobh chostais phinsin na bliana reatha	1,370,000	1,440,000
Deontais Stáit curtha i bhfeidhm chun pinsinéirí a íoc	(540,000)	(580,000)
	830,000	860,000

(c) Anailís ar an méid muirearaithe ar bhrabús oibriúcháin faoi FRS 17

	2012	2011
	€	€
Costas seirbhíse reatha	450,000	500,000
Méadú ar dhliteanais scéime pinsin	920,000	940,000
Ranníocaíocht fostaí	(114,123)	(127,998)
Costas iarsheirbhíse	-	-
Muirear oibriúcháin iomlán	1,255,877	1,312,002

(d) Sócmhainn Cistithe Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais na méideanna mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh pinsean ar bhunús na sraithe de thoimhdí a bhfuil cuntas tugtha uirthi thuas agus ar roinnt imeachtaí san am atá thart. Áirítear leis na himeachtaí sin an bunús reachtúil um bunú an scéim aoisliúntas, agus an cleachtas agus an beartas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil i bhfeidhm maidir leis na méideanna sonracha sin leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí, níl aon fhianaise ag an Údarás Náisiúnta Míchumais a thabharfadh nach fios nach leanfaidh an beartas cistithe sin ar aghaidh ag clúdach na suimeanna sin de réir an chleachtais reatha. Ba é méid an sócmhainn cistithe iarchurtha le haghaidh pinsean ar an 31 Nollaig 2012 ná €16.5 milliún (2011: €16.7 milliún).

(e) Gluaiseacht ar easnamh le linn na bliana

	2012	2011
	€	€
Dlíteanas Scéime ar an I Eanáir	16,700,000	17,100,000
Costas seirbhíse reatha	450,000	500,000
Ús ar dhliteanais scéime	920,000	940,000
Sochair iníoctha	(540,000)	(580,000)
Cailteanas achtúireach aitheanta i STRGL	(1,030,000)	(1,260,000)
Dlíteanas Pinsin	16,500,000	16,700,000

Stair gnóthachan agus cailteanas ó thaithí

(Gnóthachain) / cailteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime				
	2012	2011	2010	2009
Méid	(€1,030,000)	(€1,260,000)	(€2,419,000)	(€300,000)
Céatadán de luach reatha na ndlíteanas scéime	(6%)	(8%)	(14%)	(2%)

Ranníocaíochtaí Thobhach Pinsin

Asbhaineadh €122,272 ó bhaill foirne mar thobhach pinsin agus choimeád an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais é.

11. Creidiúnaithe agus Fabhruithe

	2012	2011
	€	€
Fabhruithe	39,082	122,309
Iomlán na gCreidiúnaithe	39,082	122,309

12. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

	2012	2011
	€	€
Féichiúnaithe Ilchineálacha NDA	173,806	100,128
Réamhíocaíochtaí	30,564	51,480
Iomlán na bhFéichiúnaithe	204,370	151,608

13. Dlíteanais Teagmhasacha

Níl aon dlíteanais teagmhasacha i gceist ar an 31 Nollaig 2012.

14. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ag an Údarás amhail an 31 Nollaig 2012.

15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 14 Lúnasa 2013.

Aguisín 1: Coistí an Údaráis agus coistí eile i 2012

Comhaltaí an Údarás Náisiúnta Míchumais i 2012	
Comhalta	Líon na gcruinnithe a freastalaíodh orthu (reáchtáladh 10 gcruinniú)
Peter Mc Kevitt (Cathaoirleach)	10
Tony Bates (chuaigh sé ar scor ó Mheán Fómhair 2012)	4
Caroline Burrell	9
Frank Cunneen	9
Tara Cunningham	8
James O'Grady	8
Fiona Duignan	7
Linda Grealay	6
Shane Hogan	10
David Joyce	7
Des Kenny	8
Mary Lavelle	8
Joanne Mc Carthy	9

An Coiste Iniúchta

- Donal Lawlor (Cathaoirleach)
- Robert Cashell

- Frank Cunneen
- Des Kenny

An Coiste Airgeadais

- Frank Cunneen (Cathaoirleach)
- Caroline Burrell
- David Joyce
- Des Kenny
- David Scott
- Pat Fitzsimons (ceapadh i Márta 2012 é)

Fochoiste ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais

- Shane Hogan (Cathaoirleach)
- Tara Cunningham
- James O'Grady
- David Joyce
- Mary Lavelle
- Joanne McCarthy

Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha i 2012

An earnáil phoiblí:

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

- An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Leanaí

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha

- An Coiste Monatóireachta ar an bPlean Earnála agus Cuid 5

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide Painéal Comhairleach Tomhaltóirí

- Fóram Tionscail ar Sheirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas

An Roinn Oideachais agus Scileanna

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

- Bhí Stiúrthóir an Údarás Náisiúnta Míchumas ina comhalta den Chomhairle agus dá Coiste Iniúchóireachta
- Grúpa Comhairleach ar Thuarascáil Taighde — “Continuum of Education Provision for Children with Special Educational Needs: Review of International Policies and Practices”
- Fóram Comhairleach
- Coistí comhairleacha ar phíosáí sonracha taighde

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

- Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas — Grúpa Monatóireachta Feidhmithe agus Foghrúpa ar Thithíocht
- Coiste Comhairle ar an bPlean Earnála faoin Acht Míchumais

An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

- Grúpa Stiúrtha ar an Acht um Míchumas
- Fochoiste ar an Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

An Roinn Sláinte

- Grúpa comhairleach ar an mBunachar Náisiúnta ar Mhíchumais Fhisiceacha agus Chéadfacha
- Grúpa Monatóireachta Neamhspleách— Fís don Athrú

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

- Grúpa Feidhmithe Náisiúnta le haghaidh “Time to Move on from Congregated Settings”
- Grúpa feidhmithe náisiúnta le haghaidh “New Directions”, agus a Fhoghrúpa Caighdeán
- Fóram Comhairliúcháin Náisiúnta
- Coiste Stiúrtha ar Rochtain Uilíoch

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cháilíocht Sláinte

- Grúpa Comhairleach ar Chaighdeán le haghaidh Caighdeán Náisiúnta um Sheirbhísí Cónaitheacha do Leanaí agus Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

- Grúpa Feidhmithe an Straitéis Náisiúnta Míchumais
- Coiste Monatóireachta ar Chuid 5
- An Coiste Stiúrtha Náisiúnta ar Fhoréigean i gcoinne Ban

An tÚdarás Comhionannais

- Public Sector Equality Learning Network

An Roinn Coimirce Sóisialaí

- Grúpa Athbhreithnithe an Liúntas Cúram Baile
- Fóram Comhairliúcháin ar Mhíchumas

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

- An tSeirbhís Aighneachta Náisiúnta – an Grúpa Comhairleach Náisiúnta

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

- Coiste um Inrochtaineacht Iompair Phoiblí

An tÚdarás Náisiúnta Iompair

- Coiste Comhairleach Tacsaithe

Eile

- Coiste Comhairleach don Fhorlónadh ar Mhíchumas Intleachta i Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú
- Coiste Comhairleach Náisiúnta ar an líonra Age Well
- Coiste na hEorpa um Chaighdeánú (CEN) — Foireann Tionscadail do Mhandáit 376

Aguisín 3: Foilseacháin i 2012

- Tógáil do Chách: Cur Chuige Dearaidh Uilíoch
- Foireann Uirlisí Inrochtaineachta do bhaill foirne na hearnála poiblí
- Shared Space, Shared Surfaces and Home Zones from a Universal Design Approach for the Urban Environment in Ireland
- Access to Justice for People with Disabilities as Victims of Crime in Ireland
- Research on the provision of Assistive Technology in Ireland
- Universal Health Insurance systems and the provision of health services for people with disabilities
- Living in your own home with a disability
- Procurement and Accessibility
- Tuarascáil 2012 “Your Voice Your Choice”
- Tuarascáil 2011 ar Chomhlíonadh Cuid 5 den Acht um Míchumas ar Fhostú Daoine faoi Mhíchumas san Earnáil Phoiblí
- Nuachtlitreacha an Údarás Náisiúnta Míchumais
- Tuarascáil Bhliantúil 2011
- Universal Design guidelines for digital television
- Sexual violence against people with disabilities
- Preventing bullying of people with intellectual disabilities (Tionscadal Taighde Frithbhulaíochta)
- Bullying Information Guide aimed at People with an Intellectual Disability (Tionscadal Taighde Frithbhulaíochta)
- Tuarascáil ar Chéim 1 den Staidéar Indéantachta ar Leithdháileadh Acmhainní

Aguisín 4: Páipéir comhairle beartais i 2012

Páipéir comhairle beartais a cuireadh isteach:

- An Straitéis Náisiúnta ar Néaltrú
- Árachas Sláinte Uilíoch
- Athbhreithniú bliantúil ar chur i bhfeidhm an straitéis meabhairshláinte “Vision for Change”
- Ceartas Coiriúil agus Meabhairshláinte
- An Liúntas Cúram Baile
- An Liúntas So-inaistritheachta
- Rialacha Rochtana Údarás Craolacháin na hÉireann
- Dréachtchaighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Cónaitheacha do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Dréachtchaighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaf

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

25 Bóthar Chluaidh, Baile Átha Cliath 4

Guthán (01) 608 0400

Facs (01) 660 9935

www.nda.ie

Is é an tÚdarás Náisiúnta Míchumais an comhlacht neamhspleách a thugann sainchomhairle ar bheartas agus chleachtas míchumais don Aire, agus a dhéanann Dearadh Uilíoch a chur chun cinn in Éirinn.